

# COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ



## TREOIRLÍNTE MAIDIR LE FOIRM IARRATAIS PLEANÁLA

Feidhmíonn an doiciméad seo mar bhileog mhíniúcháin d'Fhoirm Iarratais Pleanála Chomhairle Contae Chorcaí. Soláthraíonn sé sonraí faoi na pleananna agus na doiciméid nach mór a chur isteach le haghaidh iarratas pleanála chomh maith le teoracha maidir le fógraí láithreáin, fógraí preasa agus taifid struchtúir feirme a chomhlánú. Freagraíonn gach nóta sna treoirlínte go díreach don cheist ábhartha san fhoirm iarratais. Cé go bhfuil na treoirlínte mionsonraithe, níl siad uileghabhálach, mar sin má tá deacracht agat aon cheisteanna ar an bhfoirm iarratais pleanála a fhreagairt ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an roinn pleanála chun soiléiriú a fháil.

Tá 'Treoir maidir le hIarratas Pleanála a Dhéanamh' curtha le chéile ag Oifig an Rialtóra Pleanála a d'fhéadfadh a bheith cabhrach freisin agus atá ar fáil ag an nasc seo. <https://www.opr.ie/wp-content/uploads/2021/01/Planning-Leaflet-4-A-Guide-to-Making-a-Planning-Application.pdf>

Ba cheart gach plean agus líníocht le haghaidh teaghais amháin nó dhá theaghais, síntí baile, garáistí baile nó oifigí seachtracha agus le haghaidh aon fhorbairtí beartaithe eile den mhéid céanna a chur isteach ar pháipéar A3 nó A4. Déantar é seo d'fhonn costas na cóipeála ar an gcomhairle agus ar an bpobal a íoslaghdú chomh maith.

Nuair a bheidh an fhoirm iarratais comhlánaithe agat agus tú muiníneach go bhfuil gach plean, sonraí agus an táille cheart curtha san áireamh agat chun an t-iarratas a dhéanamh, ansin comhlánaigh an seicliosta ar leathanach 3 den fhoirm.

Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go bhfoilseofar gach iarratas pleanála ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Chorcaí ón 5<sup>ú</sup> Meán Fómhair ar aghaidh: [www.corkcoco.ie](http://www.corkcoco.ie). Faoi cheanglais na reachtaíochta um Chosaint Sonraí, coinneofar sonraí teagmhála na n-iarratasóirí agus a ngníomhairí faoi rún. Bainfear gach sonraí teagmhála (Roinn 1 den fhoirm iarratais) den iarratas agus ní chuirfear ar fáil don phobal é.

### **Príobháideacht & Cosaint Sonraí:**

Bailíonn Comhairle Contae Chorcaí eolas pearsanta chun cur ar chumas an Údaráis Phleanála d'iarratas ar chead pleanála a phróiseáil. Go dlíthiúil is féidir leis an Údarás Pleanála an fhaisnéis seo a phróiseáil mar go bhfuarthas í le do thoiliú agus tá sé riachtanach chun dualgais reachtúla/dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is príomhthosaíocht don Chomhairle é do shonraí pearsanta a chosaint agus próiseálfar do chuid sonraí de réir Bheartas Príobháideachais na Comhairle atá ar fáil ag <https://www.corkcoco.ie/privacy-statement-cork-county-council> nó mar chruachóip ó oifig Chomhairle ar bith.

Má tá aon cheist agat faoi Bheartas Príobháideachais na Comhairle nó faoin eolas atá ag Comhairle Contae Chorcaí fút, déan teagmháil leis an gComhairle trí ríomhphost a sheoladh chuig [dpo@corkcoco.ie](mailto:dpo@corkcoco.ie) nó scríobh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí, Comhairle Contae Chorcaí, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, Éire.

**Is próiseas oscailte poiblí é an próiseas pleanála.**

**Sa chomhthéacs sin, beidh gach iarratas pleanála & cáipéisíocht tacaíochta a chuirtear isteach ar fáil go poiblí le feiceáil ar líne agus in oifigí an Údaráis Phleanála.**

**Foilsíonn an tÚdarás Pleanála liostaí seachtainiúla d'iarratais phleanála a fhaightear chomh maith le liostaí seachtainiúla de chinntí pleanála. Cuirtear an fhaisnéis seo ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Chorcaí de réir bheartas an Údaráis Phleanála.**

**(An English version of these guidelines is available at the public counter and on the website)**

**Ba chóir 6 chóip den fhoirm Iarratais Pleanála arna comhlánú go cuí a thaisceadh san Oifig Pleanála ábhartha agus ba chóir an méid seo a leanas a bheith ag gabháil leo:**

### **[1] SCEIDEAL**

**Ba chóir Sceideal Pleananna, Líníochtaí agus Léarscáileanna lena n-áirítear teidil/uimhreacha líníochta a chur isteach leis an iarratas.**

### **[2] LÉARSCÁILEANNA DE SHUÍOMH AN LÁITHREÁIN**

**6 chóip clóite go soiléir de**

- (a) Léarscáil 6" go 1 mhíle nó 1:10,560, íosmhéid A4
- (b) Léarscáil 25" nó scála 1:2500, íosmhéid A3

Ba chóir stampa Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann a bheith ar gach léarscáil chun a thaispeáint go bhfuil siad ceadúnaithe ag O.S.I. agus gur atáirgeadh iad le cead ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann.

Ba chóir iad seo a bheith bunaithe ar Bhileog bhunaidh na Suirbhéireachta Ordanáis nó tógtha uaithe agus ba chóir an méid seo a leanas a chur in iúl:

- a) **Uimhir Bhileoige Ordanáis Ábhartha**
- b) **Baile fearainn**
- c) **Sonraí faoi ghnéithe sa chomharsanacht - chun aitheantas an láithreáin a cheadú m.sh. foirgnimh, crosbhóthar, teorainneacha páirce, sainchomharthaí tíre, achair ó bhailte agus sráidbhailte in aice láimhe etc.**
- d) **Teorainneacha marcáilte nó daite i ndath dearg** chun an talamh nó an déanmhas lena mbaineann an t-iarratas a aithint go soiléir.
- e) **Aon talamh atá tadhlaigh leis, ag teagmháil leis nó in** aice leis an talamh atá le forbairt agus atá faoi rialú an iarratasóra, nó an duine ar leis an talamh a bheith **leagtha amach i ndath gorm.**
- f) **Tá dath buí ar na pasáistí.**
- g) **Ní mór do theorainneacha a bheith ag teacht** go díreach leis na teorainneacha a thaispeántar ar an bplean leagan amach.
- h) **Suíomh an Fhógra Láithreáin/Fógraí Láithreáin** marcáilte le "X"(Féach nótaí maidir le seasamh an Fhógra Láithreáin – leathanach 3)

**Is féidir 'Pacáiste Pleanála' a cheannach ó na Seirbhísí Léarscáile Náisiúnta. Ba chóir 6 chóip de na léarscáileanna 6" & 25" nach mór a chur isteach le d'iarratas pleanála a bheith sa phacáiste seo. Tá na Seirbhísí Léarscáile Náisiúnta lonnaithe i *bPáirc Ghnó Uí Laighin, Bóthar Uí Mhuineacháin, Corcaigh, T12D860*. Is féidir teagmháil a dhéanamh leo ar Teil: 021-4966888, Ríomhphost: [info@nationalmapservices.ie](mailto:info@nationalmapservices.ie) nó Gréasán: [www.nationalmapservices.ie](http://www.nationalmapservices.ie). Téigh i dteagmháil go díreach leis na Seirbhísí Léarscáile Náisiúnta más mian leat aon fhaisnéis bhreise a fháil ar a gcuid seirbhísí (m.sh. táillí, uaireanta oscailte, etc.).**

### **[3] PLEAN LEAGAN AMACH AN LÁITHREÁIN**

**6 chóip atá priontáilte go soiléir de leagan amach an láithreáin de réir scála mhéadraigh sonraithe nach lú ná 1:500** ar a dtaispeántar na gnéithe beartaithe go léir ar an láithreán agus a léiríonn an méid seo a leanas:

- a) **Teorainneacha láithreáin** imlínithe i ndath dearg
- b) Ní mór **foirgnimh**, bóithre, teorainneacha, umar séarachais agus limistéir shíothlaithe, toibreacha tollta, clampaí suntasacha crann agus gnéithe eile ar an talamh nó ar an déanmhas, **atá tadhlaigh leis nó in aice leis** a thaispeáint

- c) Ní mór **leibhéil nó comhrianta**, nuair is infheidhme, na talún agus na struchtúr atá beartaithe i gcoibhneas le Datum na Suirbhéireachta Ordanáis nó tagarmharc áitiúil sealadach a thaispeáint - cibé acu is iomchuí.
- d) Ní mór an **Pointe ó Thuaidh** a léiriú.
- e) **Cuir in iúl achair** an déanmhais ó theorainneacha an láithreáin.
- f) Freagróidh na **teorainneacha** go díreach dóibh siúd a thaispeántar ar léarscáil de shuíomh an láithreáin.

#### **[4] SONRAÍ FAOI CHÓIREÁIL EISILTIGH**

Sa chás go bhfuil sé beartaithe fuíolluisce a dhiúscairt ón bhforbairt bheartaithe seachas chuig séarach poiblí, ansin ní mór faisnéis maidir leis an gcóras cóireála ar an láthair agus fianaise maidir le hoiriúnacht an láithreáin don chóras atá beartaithe a chur isteach le d'iarratas, m.sh. togra sonrath ar an láthair, torthaí tástála síothlaithe, etc. Caithfidh siad seo a bheith de réir Chód Cleachtais an EPA do Chórais Cóireála Fuíolluisce Tí Márta 2021 (Daonra Coibhéiseach  $\leq 10$ ) agus Lámhleabhar Cóireála Fuíolluisce - Córais Chóireála do Phobail Bheaga, Ionaid Ghnó, Ionaid Fóillíochta agus Óstáin (1999), nó caighdeáin / treoirlínte comharba ceadaithe ábhartha (lena n-áirítear dearadh, suiteáil agus cothabháil).

#### **Tabhair 2 chóip ar a laghad de shonraí an Aonaid Cóireála atá beartaithe agat.**

Maidir le gach Iarratas Pleanála a fhaightear ar an 8 Eanáir 2010 nó ina dhiaidh sin, ní mór d'Údaráis Phleanála a chinntiú go ndearnadh measúnú oiriúnachta suímh ar dtús ar gach teaghais ar leith a dtugtar cead pleanála di i limistéar gan séarachas, ag baint úsáide as an modheolaíocht atá leagtha amach i gCód Cleachtais an EPA agus gur chomhlíon measúnú an láithreáin na caighdeáin riachtanacha go hiomlán.

Is oibreoirí príobháideacha seachas Comhairle Contae Chorcaí a dhéanann na measúnuithe láithreáin. Tabhair ar aird, le do thoil, nuair atá oibreoirí príobháideacha á bhfostú agat chun tástáil mheasúnaithe láithreáin a dhéanamh, go bhfuil tú ag déanamh conradh príobháideach idir tú féin, (an t-iarratasóir), agus an measúnóir príobháideach.

De réir airteagal 22(2)(c) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2006, ceanglaítear ar iarratasóirí an measúnú láithreáin a chur isteach tráth déanta an iarratais. Ní mór an Fhoirm chaighdeánach do Shaintréithe Láithreáin a úsáid chun an fhaisnéis seo a thaifeadh.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go gcaithfidh tuarascáil mheasúnaithe láithreáin aonair do gach láithreán ar leith a bheith ag gabháil le hiarratais ar scéimeanna il-tí, áit a bhfuil sé beartaithe córas cóireála aonair a sholáthar do gach teach. Ní ghlacfar le foirm mheasúnaithe aonair a chur isteach i gcúinsí den sórt sin.

**Féach freisin na nótaí maidir le Ceist 2.20 chun faisnéis a fháil faoi naisc uisce & fuíolluisce leis an séarach poiblí.**

#### **[5] PLEANANNA, INGEARCHLÓNNA AGUS GEARRTHACHA**

Cuirfear isteach **6 chóip a bheidh priontáilte go soiléir** de phleananna, ingearchlónna agus gearrthacha na ndéanmhais beartaithe:

- (a) Ní mór **gach plean etc., a tharraingt ar scála méadrach** nach lú ná 1:200 nó ar scála **eile a comhaontaíodh roimhe** sin. Cinntigh le do thoil go bhfuil an scála curtha in iúl go soiléir ar gach plean.
- (b) **Caithfidh gach plean etc. príomhghnéithe aon fhoirgneamh a thaispeáint** a bheadh tadhlaigh leis an déanmhais atá beartaithe dá dtógfaí é, bíodh sé ar an láthair nó in aice leis (Scála 1:200 ar a laghad de réir mar is cuí).

- (c) **Má bhaineann an obair le Déanmhas Cosanta nó Déanmhas Cosanta Beartaithe** ba chóir go léireofaí príomhghnéithe aon fhoirgnimh laistigh de chúirtealaiste an déanmhais a mbeadh tionchar ábhartha ag an bhforbairt atá beartaithe orthu .
- (d) Ba cheart dathanna éagsúla a bheith i bpleananna a bhaineann le hobair chun déanmhas a athchóiriú, a athrú nó a leathnú chun idirdhealú a dhéanamh idir forbairt atá ann cheana agus forbairt atá beartaithe.
- (e) Léireofar i bhfigiúirí **pleananna urláir, ingearchlónna agus gearrthacha** toisí bunúsacha (lena n-áirítear airde fhoriomlán) aon déanmhais atá beartaithe.
- (f) **Ní mór an Pointe Thuaidh a thaispeáint ar phleananna Urláir.**

## **[6] FOIRM IARRATAIS FHORLÍONTACH – SF1**

Níl an fhoirm iarratais fhorlíontach beartaithe ach chun cabhrú le daoine atá ag déanamh iarratais ar chead teach aonair a thógáil i gceantar ina bhfuil srianta pleanála dochta i bhfeidhm. Ba cheart d'aon duine a bhfuil sé beartaithe aige nó aici teaghais a thógáil atá suite laistigh de cheann de na sé chineál ceantair thuaithe mar a shaináithnítear sa Phlean Forbartha Contae 2022 an fhoirm seo a chomhlánú. Is féidir na limistéir shrianta seo a aithint ar na léarscáileanna sa Phlean Forbartha Contae nó ar an gCóras Fiosraithe Pleanála ar láithreán gréasáin na comhairle. Tá an fhoirm ar fáil ag ár gcuntar poiblí agus ar ár láithreán gréasáin. Tá treoracha maidir leis an bhfoirm a chomhlánú ar fáil ar an bhfoirm féin. Ba chóir dhá chóip den bhfoirm seo a chur isteach leis an bhfoirm iarratais pleanála.

**Tabhair do d'aire le do thoil go mbeidh an fhaisnéis /na doiciméid tacaíochta go léir a chuirtear isteach ar fáil go poiblí le feiceáil in oifigí an Údaráis Pleanála.** Dá bhrí sin, ba cheart d'iarratasóir(i) a chinntiú go mbaintear aon fhaisnéis phearsanta (i.e. UPSP, uimhreacha Cuntais Bhainc, dáta breithe etc.) as an doiciméadú sula gcuireann siad isteach é mar chuid d'iarratas pleanála.

## **[7] FÓGRA LÁITHREÁIN**

**Ní mór 2 chóip den Fhógra Láithreáin** a tógadh nó a feistíodh ar an talamh/struchtúr a chur isteach le d'iarratas freisin.

- (a) **Ní mór Fógraí Láithreáin a bheith suite in áit fheiceálach** ar phríomhbhealach na talún nó gar dó.
- (b) **Má tá níos mó ná bealach isteach amháin ar an láithreán** , ansin ní mór fógraí a chur suas ar gach bealach isteach den sórt sin nó in aice leis nó ar aon chuid den talamh/ déanmhas atá tadhlach le bóthar poiblí
- (c) **Mura bhfuil láithreán/déanmhas sínte le bóthar poiblí, ní mór an fógra láithreáin a shuiteáil ar an talamh/déanmhas ionas go mbeidh sé infheicthe agus inléite go héasca ag daoine lasmuigh den talamh nó den déanmhas.**
- (d) **D'fhéadfadh gur gá níos mó ná fógra láithreáin amháin a chur suas gar don láithreán**, mura leor fógra láithreáin amháin a chur in airde chun pointí a, b agus c thuas a chomhlíonadh nó mura gcuirfidh sé láithreán na forbartha in iúl go leordhóthanach don phobal. ***Mar shampla:*** Mura láithreán taobh le bóthar poiblí nó má tá sé suite ar lána ba chóir fógra a chur suas ar an mbóthar poiblí is gaire.
- (e) **Ní mór Fógra/Fógraí Láithreáin a bheith inscríofa nó priontáilte i ndúch doscriosta ar chúlra Bán.**
- (f) Ba cheart iad a ghreamú ar ábhar dolúbtha buan agus iad a dhaingniú in aghaidh damáiste ó dhrochaimsir nó ó aon ghuais eile a d'fhéadfadh cur isteach ar inléiteacht an fhógra láithreáin.
- (g) **Gan a bheith i bhfolach nó clúdaithe as radharc ag am ar bith.**
- (h) **Níor chóir an Fógra Láithreáin a chur suas ar gheata.**

**Má chuirtear an dara hiarratas isteach ar chuid de láithreán nó ar láithreán ina iomláine laistigh de 6 mhí ón dáta a cuireadh isteach iarratas bailí roimhe sin ar an láithreán sin, ansin ní mór dath buí a chur ar an bhFógra Láithreáin agus é a chur in airde faoi na rialacha céanna le pointí (a) – (d) agus (f) - (h) den nóta [7] thuas.**

Cinntigh le do thoil go bhfuil an Fógra/Fógraí feistithe ar an láthair tráth nach déanaí ná **14 lá roimh an dáta a thaisctear an t-iarratas** leis an Údarás Pleanála agus nach bhfuil siad dátaithe tar éis an dáta a fhaigheann an t-údarás pleanála an t-iarratas. Ba cheart go bhfanfadh an Fógra Láithreáin feistithe nó curtha in airde ar an láthair de réir na gceanglas thuas ar feadh tréimhse 5 seachtaine ón dáta a thaisctear an t-iarratas. Ní mór an Fógra Láithreáin a athnuachan nó a athsholáthar má bhaintear nó má loitear é nó má tá sé doléite laistigh den tréimhse 5 seachtaine

Ní mór an dáta a gcuirtear an fógra in airde nó a bhfeistítear é ar an láithreán a lua. Ní mór **síniú an iarratasóra** nó **síniú agus seoladh teagmhála** an duine atá ag gníomhú thar ceann an iarratasóra a lua ar an bhfógra. **Ní mór an fhaisnéis go léir a shonraítear sna sonraí míniúcháin a ghabhann leis an bhFógra Láithreáin a bheith san Fhógra Láithreáin/Fógraí.**

#### Cineál agus méid na forbartha:

- (1) **Más le haghaidh tithíochta an fhorbairt** - ní mór an líon tithe a lua.
- (2) **I gcás gur iarratas ar Fhorbairt Chónaithe ar Mhórsála atá in iarratas**, é sin a chur in iúl agus ba cheart seoladh gréasáin dá dtagraítear faoi Airteagal 20A a bheith san iarratas.
- (3) **Más forbairt í chun déanmhas a choinneáil** – ansin is ceart cineál na húsáide beartaithe agus, más cuí, fad na tréimhse a mbeartaítear an déanmhas a choinneáil, a lua.
- (4) **Má tá an fhorbairt le haghaidh oibreacha a bhaineann le “Déanmhas Cosanta” nó “Déanmhas Cosanta Beartaithe”** -ní mór é sin a lua go soiléir ar an bhFógra Láithreáin.
- (5) **Má tá an fhorbairt i “gCrios Forbartha Straitéisí”** - ní mór é seo a lua ar an bhFógra Láithreáin.
- (6) **Más forbairt d'aicme a fhorordaítear i Sceideal 5 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 an fhorbairt** – i.e. Tá gá le Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Chomhshaoil a chur isteach (forbairt cónaithe ar scála mór) – ní mór é sin a lua san Fhógra Láithreáin.

Sa chás go ngabhann Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Chomhshaoil (E.I.A.R.) nó Ráiteas Tionchair Natura (N.I.S.) leis an iarratas, ní mór an ráiteas seo a leanas i dteannta na nithe ábhartha eile atá liostaithe anseo a chur san áireamh san Fhógra Láithreáin:

- [i] **“Cuirfead an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Chomhshaoil/Ráiteas Tionchair Natura faoi bhráid an Údaráis Phleanála in éineacht leis an iarratas”**
- [ii] **“Beidh an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta/Ráiteas Tionchair Natura ar fáil lena hiniúchadh nó lena ceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh le linn uaireanta oifige in oifigí an Údaráis Phleanála”**
- (7) Ní mór míniú a thabhairt sa **tuairisc forbartha** ar chineál na forbartha beartaithe. Ní mór ‘tógáil’, ‘athrú’, ‘scartáil’, ‘forbairt’, etc. a lua ann agus ní mór an cineál talún/déanmhais is ábhar don iarratas a lua ann. Más é atá san fhorbairt síneadh nó athruithe ar theaghais, ansin ba cheart ‘síneadh le teach cónaithe’ nó ‘athruithe ar theach cónaithe’ a lua sa tuairisc.

#### **NÓTA TÁBHACHTACH: Caithfidh an Fógra Pleanála an méid seo a leanas a lua i dteannta na nithe eile:**

Féadfar an t-iarratas pleanála a iniúchadh nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh in oifigí an Údaráis Phleanála, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, [nó Teach Norton, An Sciobairín (le haghaidh iarratas a bhaineann leis an Rannán Thiar)] le linn a uaireanta oscailte poiblí, i.e. 9.00a.m. go 4.00 p.m. Luan go hAoine (gan laethanta saoire poiblí san áireamh). Féadfar aighneacht nó breathnóireacht i ndáil leis an iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an Údarás Pleanála ar an táille fhorordaithe a íoc laistigh den tréimhse 5 seachtaine dar tosach an dáta a fuair an t-údarás an t-iarratas, agus féachfaidh an t-údarás ar aighneachtaí nó breathnóireachtaí den sórt sin agus cinneadh faoin iarratas á dhéanamh aige. Féadfaidh an t-údarás

pleanála cead a dheonú faoi réir coinníollacha nó gan choinníollacha, nó féadfaidh sé diúltú cead a dheonú.

## Tá treoracha chun an Fógra Láithreáin a chomhlánú priontáilte freisin ar chúil an Fhógra Láithreáin.

### **[8] FÓGRA PREASA**

Ní mór 2 chóip den leathanach ábhartha ó nuachtán ceadaithe a scaiptear sa cheantar agus ina bhfuil an fógra pleanála foilsithe go bhfuil an t-iarratasóir chun an t-iarratas ar chead Pleanála a dhéanamh a chur isteach le gach iarratas Pleanála. Ba chóir go mbeadh dáta agus teideal an nuachtáin ar an leathanach. (Tá liosta de nuachtáin cheadaithe Chomhairle Contae Chorcaí ceangailte leis an doiciméad seo)

#### **Ní mór an méid seo a leanas a bheith san Fhógra:**

(a) **Mar theideal “COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ”**

(b) **Ainm an iarratasóra**

(c) **Suíomh, Baile Fearainn nó seoladh poist** na talún nó an déanmhais lena mbaineann an t-iarratas.

(d) **An cineál/na cineálacha iomchuí cead a bhaineann leis an iarratas.**

(1) Cead

(2) Cead Coinneála

(3) Cead de dhroim Cead Imlíneach a Dheonú.

(Caithfidh Cláruimhir den Chead Imlíneach ábhartha a bheith san áireamh leis seo)

(e) **Cineál agus méid na forbartha:**

(1) **Más le haghaidh tithíochta an fhorbairt** - ní mór an líon tithe a lua.

(2) I gcás gur iarratas ar Fhorbairt Chónaithe ar **Mhórsála atá in iarratas**, é sin a chur in iúl agus ba cheart seoladh gréasáin dá dtagraítear faoi Airteagal 20A a bheith san iarratas.

(3) **Más forbairt í chun déanmhais a choinneáil** – ansin ní mór cineál na húsáide beartaithe agus, más cuí, an tréimhse choinneála a lua.

(4) **Má tá an fhorbairt le haghaidh oibreacha a bhaineann le “Déanmhais Cosanta” nó “Déanmhais Cosanta Beartaithe”** -ní mór é sin a lua go soiléir.

(5) **Má tá an fhorbairt i “gCrios Forbartha Straitéisí”** - ní mór é seo a lua ar an bhFógra Preasa.

(6) **Más forbairt d'aicme a fhorordaítear i Sceideal 5 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 an fhorbairt** – i.e. Tá gá le Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Chomhshaoil a chur isteach (forbairt cónaithe ar scála mór) – ní mór é sin a lua san Fhógra Preasa.

Sa chás go ngabhann Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Chomhshaoil (E.I.A.R.) nó Ráiteas Tionchair Natura (N.I.S.) leis an iarratas, ní mór na ráitis seo a leanas i dteannta na nithe ábhartha eile atá liostaithe anseo a chur san áireamh san Fhógra Preasa:

[i] “Cuirfear an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Chomhshaoil/Ráiteas Tionchair Natura faoi bhráid an Údaráis Phleanála in éineacht leis an iarratas”

[ii] “Beidh an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Chomhshaoil/Ráiteas Tionchair Natura ar fáil lena hiniúchadh nó lena ceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh le linn uaireanta oifige in oifigí an Údaráis Phleanála”

(f) **Ní mór an méid seo a leanas a lua san Fhógra Pleanála chomh maith leis na nithe eile:**

“féadfar an t-iarratas Pleanála a iniúchadh nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a ghabhann le cóip a dhéanamh in oifigí an Údaráis Pleanála le linn a uaireanta oscailte poiblí agus féadfar

aighneacht nó tuairim i ndáil leis an iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an Údarás ar an táille fhorordaithe a íoc laistigh den tréimhse 5 sheachtain dar tosach an dáta a bhfaighidh an tÚdarás an t-iarratas ”.

Ní mór míniú a thabhairt **satuirisc ar fhorbairt** ar chineál na forbartha atá beartaithe. Ní mór ‘tógáil’, ‘athrú’, ‘scartáil’, ‘coinneáil’, etc. a lua ann agus ní mór an cineál talún/déanmhais is ábhar don iarratas a lua ann. Más é atá san fhorbairt síneadh nó athruithe ar theaghais, ansin ba cheart ‘síneadh le teach cónaithe’ nó ‘athruithe ar theach cónaithe’ a lua sa tuairisc.

Ní mór iarratais a chur faoi bhráid an Údaráis Phleanála **laistigh de 14 lá** ó fhoilsiú an Fhógra Preasa. Mura ndéantar aghaidh beidh an fógra neamhbhailí agus seolfar an t-iarratas ar ais mar iarratas neamhbhailí. Más Dé Sathairn, Dé Domhnaigh, Lá Saoire Poiblí nó aon lá eile ar a bhfuil na hOifigí Pleanála dúnta an lá deireannach chun aighneachtaí a fháil áfach, beidh an fógra preasa bailí an chéad lá oibre eile ina dhiaidh sin. **Is é lá an dáta foilsithe an chéad lá den 14 lá .**

# TÁILLÍ PLEANÁLA

## AICME NA FORBARTHA

## MÉID TÁILLE

## TÁILLÍ ÍOSTA & UASTA AR IARRATAIS

TEAGHAS	€65.00	TÁILLE ÍOSTA BAILE	€34.00
IMLÍNE IN AGHAIDHAN TEAGHAIS (3/4 DEN TÁILLE IOMLÁN)	€48.75)	TÁILLE ÍOSTATRÁCHTÁLA	€80.00
CEAD DE DHROIM CEAD IMLÍNE - ¼ DEN TÁILLE IOMLÁN (TÁILLE ÍOSTA (€34)		TÁILLE ÍOSTA TALMHAÍOCHTA	€80.00
ATHRÚ ÁILÉIR	€34.00	TÁILLE UASTA TALMHAÍOCHTA	€300.00
UMAR SEIPTEACH/GARÁISTE TÍ	€34.00	TÁILLE UASTA TRÁCHTÁLA	€38,000.00
BEALACH ISTEACH TÍ	€34.00	TÁILLE UASTA IMLÍNEACH	€28,500.00
BEALACH ISTEACH TALMHAÍOCHTA	€80.00		
FOIRGNEAMH TALMHAÍOCHTA	€80.00 IN AGHAIDH AN FHOIRGNIMH NÓ €1.00 IN AGHAIDH AN MHÉADAIRCHEARNAIGH. MÉADAR OS CIONN 200 MÉADAR CEARNACH		
	€65.00		
AONAD CÓNAITHEAR LEITH			
AONAD LÓISTÍN COIMHDEACH			
SCARTÁIL	€80.00 NÓ €10 IN AGHAIDH AN 0.1 HEICTEÁR		
IARRATAS TRÁCHTÁLA	€80.00 NÓ €3.60 IN AGHAIDH AN MHÉADAIR CHEARNAIGH (nó cibé acu sin is mó.)		
FADÚ TRÉIMHSE	€62.00		

## COINNEÁIL ( táille rialta x 3 )

TEAGHAS	(65 x 3)	€195.00 NÓ €2.50 IN AGHAIDH AN MHÉADAIR CHEARNAIGH (nó cibé acu sin is mó.)
SÍNEADH	(34 x 3)	€102.00 NÓ €2.50 IN AGHAIDH AN MHÉADAIR CHEARNAIGH DE SPÁS URLÁIR COMHLÁN (nó cibé acu is mó)
TRÁCHTÁIL	(80 x 3)	€240.00 NÓ €10.80 IN AGHAIDH AN MHÉADAIR CHEARNAIGH (nó cibé acu sin is mó.)
TALMHAÍOCHT	(80 x 3)	€240.00 NÓ €3.00 IN AGHAIDH AN MHÉADAIR CHEARNAIGH DE SPÁS URLÁIR CHOMHLÁN DE BHREIS AR 200 MÉADAR CHEARNACH (nó cibé acu sin is mó.)

## TÁILLE IARRATAIS AR FHOIRGNEAMH CHÓNAITHE AR SCÁLA MÓR

CEAD AONAD TITHÍOCHTA - €130 IN AGHAIDH AN AONAD TITHÍOCHTA	CEAD COINNEÁLA AONAD TITHÍOCHTA - € 390 IN AGHAIDH AN AONAD TITHÍOCHTA
--	---

ÚSÁIDÍ EILE AR AN TALAMH, A N-ÉASCAÍONN A GCRIOSÚ AN ÚSÁID SIN, IN AGHAIDH AN MHÉADAIR CHEARNAIGH DE SPÁS URLÁIR CHOMHLÁIN GO HUASMHÉID 30% DE SPÁS URLÁIR NA FORBARTHA IOMLÁINE

CEAD - €7.20 IN AGHAIDH AN MHÉADAIR CHEARNAIGH GO HUASMHÉID €32,400.  
CEAD COINNEÁLA - €15 IN AGHAIDH AN MHÉADAIR CHEARNAIGH GO HUASMHÉID €65,000



EIAR/NIS A CHUR ISTEACH LE HIARRATAS LRD – STRUCHTÚR TÁILLÍ

EIAR A CHUR ISTEACH MAR AON LE HIARRATAS LRD - €10,000

NIS A CHUR ISTEACH MAR AON LE HIARRATAS LRD - €10,000

**I gcás inarb é atá in iarratas pleanála, nó ina gcuimsítear forbairt arb é tuairim an Údaráis Phleanála ina leith gurb é atá inti, forbairt atá beartaithe a dhéanamh ag eagraíocht dheonach nó thar a ceann, agus arb é atá gceist, i dtuairim an Údaráis Phleanála —**

- (a) Go bhfuil sé ceaptha nó beartaithe é a úsáid chun críocha sóisialta, áineasa, oideachais nó creidimh ag áitritheoirí áite, nó ag daoine de ghrúpa nó d'aicme creidimh áirithe, agus nach bhfuil le húsáid go príomha le haghaidh brabúis nó gnóthachain,
- (b) Go bhfuil sé deartha nó beartaithe é a úsáid mar cheardlann, saoráid oiliúna, brú nó cóiríocht eile do dhaoine faoi mhíchumas agus nach bhfuil le húsáid go príomha le haghaidh brabúis nó gnóthachain, nó
- (c) Gur forbairt choimhdeach i ndáil le forbairt dá dtagraítear in alt (a) nó (b) í, - **ní gá an táille a íoc nuair a bheidh aon iarratas den sórt sin á dhéanamh.**

**Freagraíonn na nótaí thíos go díreach do na ceisteanna ar an bhFoirm Iarratais Phleanála.**

**Tabhair ar aird le do thoil, nach mór i ngach iarratas Roinn 1, 2, 3 & 4 a chomhlánú go hiomlán.**

**Níor chóir Roinn 5 (Sonraí Iarratais Neamh-Bhaile & Neamh-Thalmhaíochta) a chomhlánú ach amháin le haghaidh Forbartha Gnó, Fiontair, Tionscail, Miondíola & CineálachaTráchtála eile.**

**Níor chóir Roinn 6 (Sonraí Iarratais Talmhaíochta) a chomhlánú ach amháin le haghaidh Forbartha Talmhaíochta.**

*Líon isteach gach ceist nó cuir isteach N/B (Ní bhaineann le hábhar) in aon cheist/cuid de cheist nach mbaineann le d'iarratas.*

**Roinn 1 – Faisnéis Teagmhála faoi Rún (Le comhlánú i ngach iarratas)**

**Ní chuirfear Ceist 1.1 go 1.5 den fhoirm iarratais ar fáil le breathnú orthu go poiblí.**

- **Tabhair ar aird le do thoil, nach gá ach cóip amháin (1) de Cheisteanna 1.1 – 1.5 (Faisnéis Teagmhála Rúnda) a chur isteach le doiciméadú d'iarratais phleanála.**

- 1.1. Tabhair seoladh teagmhála agus uimhir theileafóin an iarratasóra/na n-iarratasóirí sna boscaí atá curtha ar fáil. Cuir isteach an uimhir fón póca, an seoladh ríomhphoist agus an uimhir facs má tá siad ar fáil. Baineann an cheist seo le ceist 2.5 den fhoirm iarratais.
- 1.2. Tabhair seoladh teagmhála agus uimhir theileafóin an ghníomhaire atá ag gníomhú thar ceann an iarratasóra. Cuir isteach an uimhir fón póca, an seoladh ríomhphoist agus an uimhir facs má tá siad ar fáil. Baineann an cheist seo le ceist 2.7 den fhoirm iarratais. Cuir in iúl anseo an seoladh a seolfar gach comhfhreagras chuige trí tic a chur sa bhosca cuí. Más mian leat gach comhfhreagras a sheoladh chuig an ngníomhaire cuir tic le 'Tá'. Má chuireann tú tic le 'Níl', seolfar gach comhfhreagras go díreach chuig an iarratasóir.
- 1.3. Tabhair seoladh teagmhála agus uimhir theileafóin an duine atá freagrach as na líníochtaí agus na pleananna a ullmhú. Cuir isteach an uimhir fón póca, an seoladh ríomhphoist agus an uimhir facs má tá siad ar fáil. Baineann an cheist seo le ceist 2.8 den fhoirm iarratais.
- 1.4. Más cuideachta é an t-iarratasóir atá cláraithe leis an C.R.O. faoi Acht na gCuideachtaí 1963 – 2017, tabhair seoladh teagmhála agus uimhir theileafóin na cuideachta. Cuir isteach an uimhir fón póca, an seoladh ríomhphoist agus an uimhir facs má tá siad ar fáil. Baineann an cheist seo le ceist 2.6 den fhoirm iarratais.
- 1.5. Tabhair seoladh teagmhála agus uimhir theileafóin úinéir na talún/an déanmhais is ábhar don iarratas. Ní mór an fhaisnéis seo a sholáthar murab é an t-iarratasóir an t-úinéir. Cuir isteach an uimhir fón póca, an seoladh ríomhphoist agus an uimhir facs má tá siad ar fáil. Baineann an cheist seo le ceist 2.10 den fhoirm iarratais. **Mura tusa an t-úinéir dlíthiúil, ansin caithfidh tú litir a sholáthar ón úinéir dlíthiúil ag toiliú gur féidir an t-iarratas a dhéanamh maidir leis an talamh/déanmhas.**

**Tugtar faisnéis teagmhála bhreise cosúil le seoltaí ríomhphoist nó uimhreacha teileafóin ar bhonn deonach agus ní úsáidfidh an tÚdarás Pleanála í ach chun teagmháil a dhéanamh leat má mheastar gur gá sin chun an t-iarratas a riar. Ní chuirfear na sonraí seo ar fáil d'aon tríú páirtí seachas An Bord Pleanála chun an t-achomharc a riar.**

## **Roinn 2 – Sonraí Iarratais (Le comhlánú le haghaidh gach iarratais)**

- 2.1. (a). Cuir isteach ainm an Údaráis Áitiúil i.e., Comhairle Contae Chorcaí
- (b). Cuir tic sa bhosca ábhartha. Ba chóir gach iarratas i Rannáin an Deiscirt agus an Tuaiscirt a thaisceadh i Halla an Chontae, Corcaigh. Ba cheart iarratais ar rannán an Iarthair a thaisceadh i dTeach Norton, An Sciobairín, Co. Chorcaí. Déan teagmháil leis an Roinn Pleanála, le do thoil, má tá aon cheist agat maidir leis an gceist seo.
- 2.2. Iontáil Suíomh na forbartha. Cuir isteach an seoladh poist, Baile Fearainn nó Suíomh – cibé acu is fearr a shainaithníonn an talamh/struchtúr atá i gceist. Iontráil tagairt na Suirbhéireachta Ordanáis agus tagairt eangaí (má tá sí ar fáil) ag (b).
- 2.3 Cuir tic sa bhosca ábhartha. Má tá an t-iarratas ar *thead* agus ar *thead coinneála araon*, ansin ní mór duit tic a chur sa dá bhosca.
- 2.4. Sa chás go bhfuil cead pleanála de dhroim cead imlíneach á dheonú, iontráil uimhir an chláir phleanála agus dáta deonaithe an cheada imlínigh.
- 2.5. Ná cuir isteach ach ainm/ainmneacha an iarratasóra nó na n-iarratasóirí. **Ná cuir isteach seoladh an iarratasóra anseo.**
- 2.6. Sa chás gur cuideachta é an t-iarratasóir (arna chlárú faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2017) Cuir isteach ainm/ainmneacha stiúrthóra/stiúrthóirí na cuideachta a tugadh don Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Iontráil Uimhir Chláraithe na Cuideachta mar a sholáthraíonn an C.R.O. í.
- 2.7. Iontráil ainm an duine a seolfar gach comhfhreagras chuige nó chuici. **Ná cuir isteach seoladh ar bith sonraí anseo.** Cinntigh le do thoil gur féidir leis an ngníomhaire atá ag gníomhú thar ceann an iarratasóra comhfhreagras a fháil tríd an bpost ó Chomhairle Contae Chorcaí.
- 2.8. Cuir isteach ainm an duine atá freagrach go príomha as ullmhú na bpleananna agus na líníochtaí. D'fhéadfadh an t-ainm seo a bheith mar an gcéanna leis an ngníomhaire i gC.2.7 nó ainm duine eile a tharraing na pleananna. **Ná cuir isteach sonraí seolta an duine seo anseo.**
- 2.9 Ní mór míniú a thabhairt sa tuairisc ar fhorbairt ar chineál na forbartha atá beartaithe. Ní mór 'tógáil', 'athrú', 'scartáil', forbairt, etc. a lua ann agus ní mór an cineál talún/déanmhais is ábhar don iarratas a lua ann. Más é atá san fhorbairt síneadh nó athruithe ar theaghais, ansin ba cheart 'síneadh le teach cónaithe' nó 'athruithe ar theach cónaithe' a lua sa tuairisc. Ba chóir go mbeadh an tuairisc ar an fhorbairt ag teacht leis an gceann ar an bhFógra Preasa agus ar an bhFógra Láithreáin.
- 2.10. Caithfidh an t-iarratasóir a Leas Dlíthiúil sa Talamh/Déanmhas a chur in iúl. Más leatsa an talamh/déanmhas nó má áitíonn tú í, cuir tic sa bhosca cuí. Má chuireann tú tic i mbosca 'C' – 'Eile' ansin caithfidh tú do spéis sa talamh/déanmhas a mhíniú go hachomair – b'fhéidir gur mhaith leat litir ar leith a chur san áireamh chun do spéis a mhíniú. **Mura tusa an t-úinéir dlíthiúil (má tá tic curtha agat i mbosca B nó C), ansin caithfidh tú litir a sholáthar ón úinéir dlíthiúil ag toiliú gur féidir an t-iarratas a dhéanamh maidir leis an talamh/déanmhas.**
- 2.11. Ní foláir scála méadrach a bheith i ngach tomhas. Luaigh achar an láithreáin i heicteáir. Cinntigh, le do thoil, go bhfreagraíonn limistéar an láithreáin a iontráladh i gceist 2.11 ar an bhfoirm iarratais do na tomhais ar do léarscáileanna, do leagan amach, do phleananna agus do líníochtaí.

- 2.12. Ní foláir scála méadrach a bheith i ngach tomhas. Cuir isteach na hachair urláir i m<sup>2</sup> do gach roinn de C.2.12 - áit a mbaineann sé le d'iarratas. Glactar leis i gcónaí gurb ionann ollspás urláir agus achar urláir inmheánach. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go dtabhaítear táille scartála i gcás foirgnimh nó foirgneamh os cionn 40m<sup>2</sup> a scartáil laistigh de chúirtealaíste tí agus gur ghá iarratas pleanála a dhéanamh ina leith. Tabhaítear táille scartála freisin le haon fhoirgneamh tionscail, áitreabh gnó nó foirgneamh feirme os cionn 100m<sup>2</sup> a scartáil agus bheadh gá le hiarratas pleanála a dhéanamh.
- 2.13. Má chuimsíonn d'iarratas forbairt úsáide measctha (m.sh. cónaí, tráchtáil agus/nó tionsclaíoch) ansin luaigh aicme/cineál na forbartha sa tábla a sholáthraítear agus luaigh achar urláir comhlán na haicme forbartha sin i mbosca comhfhreagrach an tábla.
- 2.14. Maidir le forbairt neamhchónaithe tabhair sonraí faoi na huaireanta oibríochta atá beartaithe do gach gné den úsáid atá beartaithe – laethanta na seachtaine agus uaireanta oscailte/oibriúcháin.
- 2.15. Má tá an t-iarratas ar fhorbairt Eastáit Tithíochta ansin tabhair sonraí faoi na cineálacha tí agus miondealú ar an oll-achar urláir do gach cineál tí ar leith. (Is féidir é seo a chur ar fáil ar bhileog ar leith más gá)
- 2.16. Má tá d'iarratas ar athrú úsáide - m.sh. idir úsáid chónaitheach, úsáid tráchtála, úsáid talmhaíochta agus úsáid chónaithe - ansin tabhair sonraí sna boscaí ábhartha maidir leis an úsáid atá ann cheana agus an úsáid atá beartaithe don láithreán agus freisin sonraí faoi chineál agus méid na forbartha atá beartaithe. Ní mór é seo a chomhlánú freisin má tá d'iarratas ann chun athrú úsáide a choinneáil. Sa chás nach bhfuil an talamh nó an déanmhas atá ann cheana féin in úsáid, luaigh an úsáid údaraithe is déanaí a baineadh as an talamh nó as an déanmhas.
- 2.17. Baineann Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), le Soláthar Tithíochta agus baineann sí go príomha le soláthar tithe faoi na scéimeanna tithíochta sóisialta agus inacmhainne. Leithdháilfí céatadán den fhorbairt iomlán tithíochta ar scéimeanna tithíochta na comhairle faoi Chuid V den Acht. Má tá an fhorbairt atá beartaithe do níos mó ná 4 aonad cónaithe ansin ba chóir duit ‘Tá’ a fhreagairt mar beidh feidhm ag Cuid V den Acht agus cuirfidh tú sonraí isteach faoin mbealach a bhfuil sé beartaithe roinn 96 de Chuid V den Acht a chomhlíonadh lena n-áirítear, mar shampla,
- (i) sonraí maidir le cibé cuid nó codanna den talamh atá faoi réir an iarratas pleanála nó a bhfuil sonraithe ag an gcomhaontú Cuid V, nó tithe suite ar an talamh thuasluaite den sórt sin nó in áit eile i limistéar feidhme an údaráis pleanála a bheartaítear a bheidh le haistriú chuig an údarás pleanála, nó sonraí na dtithe atá suite ar an talamh thuasluaite den sórt sin nó in áit eile i limistéar feidhme an údaráis pleanála a bheartaítear a léas chuig an údarás pleanála, nó sonraí maidir le haon mheascán de sin, agus
  - (ii) sonraí faoi na ríomhanna agus modheolaíocht ar a ríomhadh do luachanna talún, costais láithreáin, costais forbartha agus gnáth tógála, agus brabús ar na costais sin agus na costais ghaolmhara eile a ríomh mar sciar iomchuí d'aon forbairt coitianta oibreacha mar is gá chun a bheith i cloí leis na forálacha i Cuid V den Acht.

Má mheasann tú go bhfuil an fhorbairt díolmhaithe ó Chuid V toisc gur le haghaidh ceithre theach nó níos lú nó le haghaidh tithíochta ar láithreán atá níos lú ná 0.1 heicteár atá sí, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar dheimhniú díolúine ó Chomhairle Contae Chorcaí. Tá foirmeacha iarratais ar dheimhniú díolúine ar fáil in oifigí poiblí na Roinne Pleanála agus is féidir é a íoslódáil ónár láithreán gréasáin. [www.corkcoco.ie](http://www.corkcoco.ie) Más ‘ní hea’ an freagra ar cheist 2.16 de bhua Roinn 96 (13) – féach thíos – , luaigh ansin cén chuid de Roinn 96 (13) a bhfuil feidhm léi.

13) Ní bheidh feidhm ag an roinn seo maidir le hiarratais ar chead - (a) chun forbairt a dhéanamh arb é í tithe a sholáthar ag comhlacht atá arna cheadú chun críocha roinn 6 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992, chun tithíocht a sholáthar do dhaoine dá dtagraítear in roinn 9 (2) d'Acht na dTithe, 1988, i gcás nach gcuirfear na tithe sin ar fáil ach amháin lena

ligean, (b) chun foirgneamh atá ann cheana a athchóiriú nó chun foirgneamh a atógáil chun teaghais amháin nó níos mó a chruthú, ar choinníoll go gcoimeádfar 50 faoin gcéad nó níos mó de chreatlach seachtrach láithreach an fhoirgnimh, nó (c) chun oibreacha a dhéanamh ar theach atá ann cheana.

2.18. Cuir tic sna boscaí ábhartha chun ‘Sea’ nó ‘Ní hea’ a chur in iúl do na ceisteanna comhfhreagracha.

- a) Tá Déanmhais Chosanta liostaithe in Imleabhar 2 de Phlean Forbartha Chontae Chorcaí 2022. Más obair ar dhéanmhais chosanta atá san fhorbairt bheartaithe, déan cinnte go luaitear é seo san fhógra preasa agus ar an bhfógra láithreáin.
- b) Féach Imleabhar 6 (Léarscáileanna) den Phlean Forbartha Contae 2022 agus / nó an Córas Fiosraithe Pleanála, le do thoil, le feiceáil an bhfuil suíomh d'fhorbartha suite laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta.
- c) Tá Taifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna, faoi alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1994, ar fáil in oifigí na nÚdarás Áitiúil agus i Leabharlanna Poiblí. Tabhair ar aird le do thoil má tá tionchar ag an bhforbairt atá beartaithe ar shéadchomhartha náisiúnta, nó má tá sé gar do shéadchomhartha náisiúnta, atá, faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2004, faoi úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, nó Údarás Áitiúil, nó má tá ordú buanchoimeáda (nó ordú buanchoimeáda sealadach) air, teastaíonn toiliú reachtúil ar leithligh, faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, ón Aire. Chun faisnéis a fháil faoi cibé an bhfuil séadchomharthaí náisiúnta faoi úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht an Aire nó údarás áitiúil nó an bhfuil siad faoi réir orduithe caomhnaithe, déan teagmháil le Rannóg na Séadchomharthaí Náisiúnta, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag (085) 8049231 nó [nationalmonuments@housing.gov.ie](mailto:nationalmonuments@housing.gov.ie)
- d) Tugtar breac-chuntas ar cheanglais maidir le measúnú tionchair chomhshaoil (EIA) i gCuid X den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú agus i gcuid 10 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001. Féach le do thoil Sceideal 5 – Forbairt chun críocha Chuid 10 – ar chúl na rialachán chun gach cineál forbartha a dteastaíonn E.I.A ina leith a fheiceáil. Féach freisin Sceideal 7 de na Rialacháin maidir leis na Critéir chun Cinneadh a dhéanamh an mbeadh forbairt atá liostaithe i gCuid 2 de Sceideal 5 faoi réir EIA, Sceideal 7A maidir le faisnéis atá le soláthar ag an Iarratasóir chun críocha Scagthástáil Forbartha Fo-Thairsí agus Sceideal 6 chun sonraí a fháil faoin bhfaisnéis atá le bheith in EIAR. Má fhreagraíonn tú ‘Sea’ ar an gceist seo, ansin caithfear tagairt a dhéanamh dó seo sa chur síos ar fhorbairt san Fhógra Preasa agus san Fhógra Láithreáin. De réir cheanglais an Achta, ní mór doiciméid EIA a chur isteach chuig an Tairseach EIA – féach [www.gov.ie](http://www.gov.ie) chun tuilleadh sonraí a fháil faoi conas é seo a dhéanamh. Ní mór cóip den Fhógra Deimhniúcháin a fuarthas ar dhoiciméid a chur isteach chuig an tairseach a chur isteach in éineacht leis an Iarratas. Soláthraíonn Oifig an Rialtóra Pleanála treoir áisiúil maidir le scagthástáil EIA. Féach <https://www.opr.ie/planning-practice/> le haghaidh tuilleadh sonraí.
- e) Tugtar láithreáin ‘Natura 2000’, S.P.A.anna (Limistéir faoi Chosaint Speisialta), S.A.C. (Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta) nó Limistéir Oidhreachta Nádúrtha ar láithreáin chaomhnaithe Eorpacha de ghnáth. Freagraíonn an chuid is mó de na suíomhanna seo do réimsí speisialta caomhnaithe mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha Chontae Chorcaí nó is féidir iad a fháil ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra [www.npws.ie](http://www.npws.ie). Déanfaidh an tÚdarás Pleanála scagadh ar gach iarratas pleanála maidir lena thionchar ar na láithreáin seo. D'fhéadfadh go mbeadh gá le ‘Measúnacht Chúil’. Is measúnú é seo a rinneadh faoi Airteagal 6(3) den treoir um ghnáthóga agus ní mór dó aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tionscadal ar chuspóirí caomhnaithe aon láithreáin ‘Natura 2000’ a dhoiciméadú. Más gá Ráiteas Tionchair Natura a chur isteach leis an iarratas pleanála, ansin caithfear tagairt dó seo sa tuairisc forbartha san Fhógra Preasa agus san Fhógra Láithreáin. Moltar d'iarratasóirí a bhfuil ar intinn acu comhairle a fháil ón Údarás Pleanála sula ndéanfaidh siad a n-iarratas. Ina theannta sin, tá treoirlínte ullmhaithe ag an Údarás Pleanála maidir le *Bithéagsúlacht agus an Próiseas Pleanála* ina dtugtar faisnéis bhreise faoin bpróiseas Measúnaithe Chúil.
- f) Is láithreáin iad Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAanna) agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (pNHAanna) atá ainmnithe nó beartaithe lena n-ainmniú faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000. Is suíomhanna iad seo a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo, agus go ginearálta tacaíonn siad le raon gnáthóg, speiceas plandaí agus ainmhithe agus, i gcásanna áirithe, gnéithe geolaíocha. Tá ocht láithreán ainmnithe mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha agus tá sé beartaithe 115 suíomh a ainmniú mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha i gCo. Chorcaí. Tá liosta de na suíomhanna in Imleabhar 2 den Phlean Forbartha

Contae agus is féidir suíomh na láithreán a fheiceáil ar an mbrabhsálaí Léarscáileanna. Tá an dá cheann seo ar fáil ar líne trí láithreán gréasáin na Comhairle ag an nasc seo -

<https://www.corkcoco.ie/en/resident/planning-and-development/cork-county-development-plan-2022-2028>

D'ullmhaigh an tÚdarás Pleanála treoirínite maidir le *Bithéagsúlacht agus an Próiseas Pleanála* a sholáthraíonn faisnéis bhreise maidir leis an bhforbairt ar dóigh go mbeidh tionchar aici ar shuíomhanna den sórt sin. Tá na treoirínite ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle [www.corkcoco.ie](http://www.corkcoco.ie).

- g) Is ceadúnais arna n-eisiúint ag an E.P.A. chun cineálacha éagsúla astaíochtaí a chlúdach iad Ceadúnas um Rialú Comhtháite ar Thruaillíú (IPC) {Ceadúnas IPPC} & Ceadúnas um an Treoir Astaíochtaí Tionsclaíocha (IED). Féach ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na ceadúnais seo. Má tá aon ghníomhaíocht ag baint le d'fhorbairt a éilíonn ceadúnas IPC nó IED, ní mór duit é sin a chur in iúl anseo. Má fhreagraíonn tú 'Sea' ar an gceist seo, ansin caithfear tagairt a dhéanamh dó seo sa chur síos ar fhorbairt san Fhógra Preasa agus san Fhógra Láithreáin.
- h) Féach thuas. Maidir le ceadúnais EPA.
- i) Ceadáíonn ceadúnas dramhaíola don sealbhóir dramhaíl a dhiúscairt go dlíthiúil. Eisiúint an E.P.A. na ceadúnais seo agus ba chóir gach ceist maidir leis an bpróiseas iarratais etc. a chur ar an E.P.A. Má tá aon ghníomhaíocht a dteastaíonn ceadúnas Dramhaíola ina leith i d'fhorbairt, ansin ní mór duit é seo a chur in iúl anseo. Má fhreagraíonn tú 'Sea' ar an gceist seo, ansin caithfear tagairt a dhéanamh dó seo sa chur síos ar fhorbairt san Fhógra Preasa agus san Fhógra Láithreáin.
- j) Baineann na Rialacháin um Mórthionóiscí le forbairtí nach mór pleananna a chur i bhfeidhm chun guaiseacha mórthionóiscí lena mbaineann substaintí contúirteacha a rialú. Má fhreagraíonn tú 'Tá' ar an gceist seo ní mór duit 4 chóip den fhaisnéis a shonraítear sa 3<sup>ú</sup> sceideal de na Rialacháin um Mórthionóiscí a chur isteach. Má fhreagraíonn tú 'Sea' ar an gceist seo, ansin caithfear tagairt a dhéanamh dó seo sa chur síos ar fhorbairt san Fhógra Preasa agus san Fhógra Láithreáin.
- k) Leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, déantar foráil maidir le Criosanna Forbartha Straitéiseacha (SDZ) a chruthú le hOrdú ón Rialtas i gcás ina bhfuil tábhacht eacnamaíoch nó shóisialta ag baint le forbairt shonraithe don stát. Déanann S.D.Zanna foráil d'fhorbairt chomhtháite agus chomhordaithe láithreán laistigh de chreat pleanála seasta. Faoi láthair níl ach SDZ amháin i gContae Chorcaí. Tá An Mhóin Ard beartaithe mar bhaile nua ar imeall Chathair Chorcaí. Is ceantar 390 heicteár é, faoin tuath den chuid is mó, atá suite ar líne iarnróid Chorcaí - Mala, 2 km ó thuaidh den Chathair agus 3 km soir ón mBlarna. Féach na léarscáileanna ar ár gCóras Fiosraithe Pleanála chun an SDZ seo a fheiceáil. Má fhreagraíonn tú 'Sea' ar an gceist seo, ansin caithfear tagairt a dhéanamh dó seo sa chur síos ar fhorbairt san Fhógra Preasa agus san Fhógra Láithreáin.
- l) Tabhaíonn scartáil tí nó aon déanmhais os cionn 40 méadar cearnach ar láithreán baile **nó** os cionn 100 méadar cearnach ar láithreán nach láithreán baile é (i.e. láithreán talmhaíochta, tráchtála nó tionsclaíoch) táille. Ríomhtar na táillí ar scartáil faoi fhorbairt Aicme 13. Má fhreagraíonn tú 'Sea' ar an gceist seo, ansin caithfear tagairt a dhéanamh dó seo sa chur síos ar fhorbairt san Fhógra Preasa agus san Fhógra Láithreáin.
- m) Foráiltear leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Forbairt Chónaithe ar Mhórsála) 2021 do 'Fhorbairtí Chónaithe ar Mhórsála'. Sainmhínítear LRDanna sna hAchtanna mar fhorbairtí de 100 teach nó níos mó, nó forbairt cóiríochta do mhic léinn a chuimsíonn 200 spás leapa nó níos mó. Féadfar 100 teach nó níos mó agus cóiríocht do mhic léinn a fhorbairt in LRD, é sin nó cóiríocht do mhic léinn ina bhfuil 200 spás leapa agus tithe nó níos mó. Féach an tAcht le haghaidh tuilleadh sonraí. Ní mór d'Iarratais Phleanála ar LRDanna cloí le nós imeachta mar atá leagtha amach ar an Acht, lena n-áirítear an riachtanas tuairim a fháil ón Údarás Pleanála sula gcuirtear iarratas isteach. Tá tuilleadh sonraí leagtha amach san Acht agus tá siad ar fáil tríd an nasc seo. -<https://www.irishstatutebook.ie/eli/2021/act/40/enacted/en/pdf>. Tá tuilleadh treorach ullmhaithe ag an Údarás Pleanála maidir le Forbairtí Chónaithe ar Mhórsála agus tá sé seo ar fáil sa roinn phleanála den láithreán gréasáin agus ag an nasc seo <https://www.corkcoco.ie/en/resident/planning-and-development/large-scale-residential-developments-lrd>
- n) Is cineál éiceachórais iad bogaigh ina sáithítear an ithir le huisce go céimeanna éagsúla ag amanna difriúla den bhliain agus sainmhínítear iad in Airteagal 5 de na Rialacháin Phleanála agus Forbartha mar *limistéir nádúrtha nó shaorga ina mbraitheann feidhmeanna bithcheimiceacha go háirithe ar bhá éadomhain leanúnach nó tréimhsiúil, nó ar sháithiú, trí uisce úr marbh nó reatha, uisce goirt nó salanda*. D'ullmhaigh an tÚdarás Pleanála Treoirínite maidir le *Bithéagsúlacht agus an Próiseas Pleanála* lena n-áirítear píosa maidir le Bogaigh. Tá na treoirínite ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle

[www.corkcoco.ie](http://www.corkcoco.ie). Teastaíonn cead pleanála agus scagadh le haghaidh Measúnacht Tionchair Chomhshaoil chun bogaigh a dhraenáil agus/ nó a mhíntíriú i gcás limistéir níos mó ná 0.1ha. Tá EIA éigeantach d'fhorbairt den sórt sin sa chás go sáraíonn an limistéar atá i gceist 2.0ha. D'ullmhaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Pleanála Dréacht-Treoirínite maidir le Draenáil agus Míntíriú Bogach in 2011 a d'fhéadfadh a bheith cabhrach freisin.

- 2.19. Líon isteach an oiread sonraí agus is eol duit do gach cuid den cheist faoi Stair an Láithreáin. Déanann an tÚdarás Pleanála scagadh ar gach iarratas pleanála maidir le faisnéis fhoilsithe faoi rioscaí tuile. B'fhéidir go mbeidh ar iarratasóirí faisnéis fhorlíontach a chur isteach sa chás go n-aithnítear priacal tuile maidir leis an láithreán. B'fhéidir go mbeidh ort tagairt a dhéanamh do láithreán gréasáin na comhairle chun an Córas Fiosraithe Pleanála a fheiceáil agus aon iarratais phleanála bhailí a rinneadh ar an láithreán atá i gceist a dhearbhu.

Tá sé tábhachtach an méid seo a thabhairt ar aird: má tá iarratas pleanála bailí déanta maidir leis an láithreán nó an déanmhais is ábhar don iarratas sna 6 mhí sula gcuirtear an t-iarratas seo isteach, ansin caithfidh an fógra láithreáin a bheith ar CHÚLRA BUÍ de réir Airteagal 19(4) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 arna leasú.

Tabhair ar aird le do thoil, má tá suíomh an togra faoi réir achomhairc reatha chuig an mBord Pleanála maidir le forbairt den chineál céanna, ní mór an t-achomharc a **chinneadh nó a tharraingt siar sular féidir** iarratas eile den chineál céanna a dhéanamh.

- 2.20. Is féidir comhairliúchán pleanála a eagrú le pleanálaí limistéir sula gcuirfidh tú d'iarratas isteach. Reáchtáiltear Clinicí Pleanála sna hoifigí ceantair áitiúla agus is féidir iad a eagrú trí theagmháil a dhéanamh leis an rannóg pleanála. Féadfaidh pleanálaithe glaonna gutháin a dhéanamh freisin maidir le hiarratais phleanála ionchasacha. Ceanglaítear le halt 247 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, go gcaithfidh leas a bheith ag an iarratasóir sa talamh lena mbaineann agus gur mian leis/léi dul i gcomhairle faoi fhorbairt bheartaithe. Má rinneadh comhairliúchán réamhiarratais ar d'iarratas, tabhair sonraí faoin gcomhairliúchán réamhpleanála, le do thoil. Ní mór duit uimhir thagartha, dátaí agus daoine a bhfuil baint acu leis an gcomhairliúchán réamhpleanála a lua. ***Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go mbeidh uimhir thagartha shonrach ag Comhairliúchán Réamhpleanála oifigiúil a sheoifear faoi alt 247 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, agus go gcoinneoidh an tÚdarás Pleanála tairfead ar am agus ar áit an chruinnithe agus go mbainfidh na sonraí seo leis an gcomhad pleanála, má dhéantar iarratas ina dhiaidh sin.***

- 2.21. Baineann na Seirbhísí atá i gceist le soláthar uisce, cóireáil fuíolluisce agus diúscairt uisce dromchla. I gcás gach ceiste luaigh le do thoil an staid atá ann faoi láthair atá i bhfeidhm faoi láthair ar an láithreán más ann di agus ansin cuir tic sa bhosca cuí maidir leis an méid atá beartaithe. Mar shampla, mura bhfuil aon aonad cóireála fuíolluisce ar an láthair agus más mian leat aonad bith-thrialla a chur i bhfeidhm; scríobh 'níl aon cheann' sa bhosca in aice le Cóireáil Fuíolluisce atá ann cheana, cuir tic sa bhosca in aice le 'Nua' agus tabhair sonraí faoi ainm agus cineál an aonaid bith-thrialla atá beartaithe agat a shuiteáil. Is féidir bileog ar leith a thaispeánann aon cheann de na sonraí seirbhíse a chur isteach más gá. (Féach nóta 4 ar lch 3 de na treoirínite seo chun sonraí a fháil faoi chóireáil fuíolluisce).

Tabhair ar aird le do thoil, sa chás go bhfuil Gléasra Cóireála Pacáiste beartaithe agus go mbeidh sé á thabhairt amach chuig uiscí, ceachtar díobh, uiscí dromchla nó talún, beidh ceadúnas ag teastáil faoin reachtaíocht um Thruailliú Uisce (pléigh le Rannóg Comhshaoil na Comhairle).

Má tá foinse soláthair uisce beartaithe agat trí nascadh le Scéim Grúpuisce, ba cheart litir toilithe maidir leis an gcéanna a chur isteach le d'iarratas pleanála.

Dá mba rud é go mbeadh níos mó ná teach amháin le soláthar uisce Tollphoill i gceist leis an bhforbairt atá beartaithe, tá gá le tuarascáil ghairmiúil hidreolaithe ag an bPlean Forbartha. Féach Roinn 7 den fhoirm iarratais le haghaidh tuilleadh sonraí.

Ní mór do gach iarratas ar fhorbairt nua Measúnú Tionchair Draenála a chur isteach. Féach Roinn 7 den fhoirm iarratais le haghaidh tuilleadh sonraí. Tá nóta treorach ullmhaithe ag an Údarás Pleanála maidir le Bainistíocht Uisce Dromchla ina mínítear cad atá ag teastáil. Tá an nóta ar fáil ar an Suíomh Gréasáin ag an nasc seo: [surface-water-management-advice-note-13.12.2022.pdf](http://surface-water-management-advice-note-13.12.2022.pdf) ([corkcoco.ie](http://corkcoco.ie))

*Is é Uisce Éireann do phointe teagmhála anois maidir le gach nasc uisce agus fuíolluisce leis an mBonneagar Poiblí. Moltar go láidir duit teagmháil a dhéanamh le hUisce Éireann le fiosrú réamhcheangail chomh luath agus is féidir sa tréimhse tionscadail. Is féidir teagmháil tosaigh a dhéanamh sula ndéantar aon iarratas ar chead pleanála chuig an Údarás Áitiúil ábhartha.*

*Cuireann an próiseas fiosrúcháin réamhcheangail ar do chumas eolas tosaigh a fháil faoi cibé an féidir nasc a dhéanamh, go teicniúil, nó nach féidir, chomh maith le míniú ar an obair a theastaíonn chun an nasc a éascú. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag toradh an fhiosrúcháin réamhcheangail ar d'iarratas ar chead pleanála; mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh stáisiún caidéalaithe ar an láthair ag teastáil ó nasc, rud a bhféadfadh cead pleanála a bheith ag teastáil uaidh féin.*

*Chun tús a chur leis an bpróiseas fiosrúcháin réamhcheangail, ní mór duit foirm fhiosrúcháin réamhcheangail a chomhlánú. Chun an fhoirm a fháil, téigh chuig [www.water.ie/connections](http://www.water.ie/connections) chun an fhoirm a íoslódáil. De rogha air sin, féadfaidh tú glao a chur ar Uisce Éireann ag **1850 278 278** agus is féidir foirm a sheoladh chugat. Beidh nótaí teorach chun an fhoirm a chomhlánú ag gabháil leis an bhfoirm fhiosrúcháin réamhcheangail. Is féidir foirmeacha a sheoladh ar ais tríd an bpost chuig Uisce Éireann, Bosca Poist 860, Oifig Seachadta na Cathrach Theas, Cathair Chorcaí, nó trí ríomhphost chuig [newconnections@water.ie](mailto:newconnections@water.ie)*

*Tabhair ar aird le do thoil, má tá d'fhoirm fhiosrúcháin réamhcheangail agus aon doiciméadú gaolmhar á seoladh agat trí ríomhphost chuig Uisce Éireann, is é 35MB an t-uasmhéid comhaid is féidir le hUisce Éireann a fháil in aon ríomhphost amháin.*

- 2.22. Tá liosta nuachtán ceadaithe ag Comhairle Contae Chorcaí chun fógra a fhoilsiú go bhfuil sé i gceist ag duine iarratas pleanála a dhéanamh; tá sé ceangailte le cúl na nótaí seo. Féach ar an liosta seo agus roghnaigh an nuachtán is fearr a d'oirfeadh d'fhoilsiú d'fhógra preasa. Cuir isteach an dáta foilsithe agus an dáta ar cuireadh an fógra láithreáin in airde sna boscaí ábhartha. Ní mór iarratais a chur faoi bhráid an Údaráis Phleanála **laistigh de 14 lá** ó fhoilsiú an Fhógra Phreasa. Mura ndéantar amhlaidh beidh an fógra neamhbhailí agus seolfar an t-iarratas ar ais mar iarratas neamhbhailí. **Is é lá an dáta foilsithe an chéad lá den 14 lá .**
- 2.23. Cuir isteach an táille chuí agus taispeáin conas a ríomh tú é. Má theastaíonn cabhair uait chun an táille a ríomh déan teagmháil le rannóg clárúcháin nó oifig líníochta na Roinne Pleanála. Tá sceideal 9 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 ceangailte le cúl na nótaí seo. Tá na haicmí forbartha agus na táillí a bhaineann leo ann. Léirigh le do thoil, conas a bheartaíonn tú íoc nó conas a d'íoc tú do tháille phleanála. Féach freisin leathanach 23 de na treoirlínte seo le haghaidh an nós imeachta atá le leanúint agus tú ag íoc trí Ríomhaistriú Airgid (E.F.T.)
- 2.24. Má tá an fhaisnéis san fhoirm ceart agus cruinn chomh fada agus is eol duit, sínigh an dearbhú agus cuir dáta leis, le do thoil. Féadfaidh an t-iarratasóir nó an gníomhaire é sin a dhéanamh.

### **Roinn 3 - Cosaint Sonraí (Le comhlánú le haghaidh gach iarratais)**

Athraíonn an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) (AE) 2016 agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 an dlí um chosaint sonraí in Éirinn, ag neartú cearta daoine aonair agus ag méadú oibleagáidí ar eagraíochtaí maidir leis an gcaoi a mbailíonn, a n-úsáideann agus a gcosnaíonn siad sonraí pearsanta. I gcroílár an dlí nua tá an ceanglas ar eagraíochtaí agus ar ghnólachtaí a bheith go hiomlán trédhearcach faoin gcaoi a bhfuil siad ag úsáid agus ag cosaint sonraí pearsanta, agus a bheith in ann cuntasacht a léiriú maidir lena ngníomhaíochtaí próiseála sonraí.

Bailíonn Comhairle Contae Chorcaí eolas pearsanta chun cur ar chumas an Údaráis Phleanála d'iarratas ar chead pleanála a phróiseáil. Go dlíthiúil is féidir leis an Údarás Pleanála an fhaisnéis seo a phróiseáil mar go bhfuarthas í le do thoiliú agus tá sé riachtanach chun dualgais reachtúla/dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is príomhthosaíocht don Chomhairle é do shonraí pearsanta a chosaint agus próiseálfar do chuid sonraí de réir Bheartas Príobháideachais na Comhairle atá ar fáil ag <https://www.corkcoco.ie/privacy-statement-cork-county-council> nó mar chruachóip ó aon oifig de chuid na Comhairle.



Má tá aon cheist agat faoi Bheartas Príobháideachais na Comhairle nó faoin eolas atá ag Comhairle Contae Chorcaí fút, déan teagmháil leis an gComhairle trí ríomhphost a sheoladh chuig [dpo@corkcoco.ie](mailto:dpo@corkcoco.ie) nó scríobh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí, Comhairle Contae Chorcaí, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, Éire.

Tabhair ar aird le do thoil go gcaithfear toiliú a thabhairt ón iarratasóir chun go ndéanfaidh an tÚdarás Pleanála na sonraí pearsanta a sholáthraítear leis an iarratas pleanála a phróiseáil. Ní mór don iarratasóir roinn 3.1 den fhoirm iarratais phleanála a shíniú agus dáta a chur leis. **Tabhair ar aird le do thoil nach féidir leis an sainchomhairleoir / gníomhaire pleanála an dearbhú seo a shíniú thar ceann an iarratasóra.**

Comhlánaigh ceisteanna 3.2 – 3.5 le do thoil trí tic a chur le 'Tá' nó 'Níl' de réir mar is cuí chun comhlíonadh an Achta um Chosaint Sonraí 2018 a léiriú.

Má d'fhreagair tú “Tá” ar cheist ar bith ó 3.3 – 3.5, teastaíonn Toiliú Sainráite (roinn 3.7) ón Údarás Pleanála chun na sonraí pearsanta íogaire a chuir tú ar fáil a phróiseáil. **Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go gcaithfidh an t-Ábhar Sonraí an toiliú seo a thabhairt.**

Má d'fhreagair tú “Tá” ar cheist ar bith ó 3.3 – 3.5, comhlánaigh 3.6, le do thoil, ag sonrú na ndoiciméad a chuir tú isteach ina bhfuil sonraí pearsanta íogaire.

### **3.7 - Catagóirí Speisialta sonraí RGCS /Sonraí Íogaire Pearsanta - Toiliú Sainráite**

I gcás ina gcuirtear Catagóirí Speisialta sonraí pearsanta ar fáil mar chuid d'iarratas pleanála /mar thacaíocht d'iarratas pleanála, ní mór don duine dá dtagraíonn na sonraí, is é sin, an t-ábhar sonraí, **toiliú sainráite** a thabhairt chun na catagóirí speisialta sonraí a phróiseáil.

Sa chás go bhfuil an t-Ábhar Sonraí faoi bhun 18 mbliana, ní mór toiliú na dtuismitheoirí a thabhairt thar ceann an Ábhair Sonraí/an Linbh.

Sa chás go bhfuil an t-Ábhar Sonraí 18 mbliana d'aois nó níos sine, ní mór don Ábhar Sonraí féin a dtoiliú a thabhairt.

I measc na gcatagóirí speisialta sonraí /sonraí pearsanta íogaire tá:

- Cine
- Bunús eitneach
- Tuairimí polaitiúla
- Creideamh
- Creidimh fhealsúnachta
- Ballraíocht ceadchumainn
- Sonraí géiniteacha
- Sonraí bithmhéadracha
- Sonraí sláinte
- Maidir le saol gnéis duine nádúrtha
- Claonadh gnéis

Ionas gur féidir leis an Údarás Pleanála na sonraí pearsanta íogaire a chuirtear ar fáil leis an iarratas pleanála a phróiseáil, caithfear Toiliú Sainráite a fháil ón duine is ábhar do na sonraí. Ní mór don ábhar sonraí an fhoirm iarratais pleanála a shíniú agus dáta a chur leis ag roinn 3.7.

**Tabhair ar aird le do thoil, nach féidir leis an sainchomhairleoir / gníomhaire pleanála an dearbhú seo a shíniú thar ceann an iarratasóra.**

**Tabhair ar aird freisin an méid seo a leanas: muna gcomhlíontar Roinn 3 /muna gcomhlánaítear í ina hiomláine beidh moill ar phróiseáil d'iarratais pleanála.**

**Roinn 4 – Eolas Breise (Le comhlánú do gach iarratas)**

- 4.1. Cuir tic sa bhosca ábhartha chun a léiriú cad atá beartaithe agat a dhéanamh leis an bhforbairt má fhaigheann tú cead pleanála.  
**Má bhaineann an úsáid le Ligean Gearrthéarmach/Saoire, ní mór é seo a lua san Fhógra Preasa agus san Fhógra Láithreáin**
- 4.2. (i) Tabhair sonraí, le do thoil, faoi na hábhair agus na dathanna atá le húsáid i struchtúir inmheánacha na forbartha. I measc na n-ábhar bheadh adhmaid, coincreít, gloine etc.
- (ii) Tabhair sonraí, le do thoil, faoi ábhair, dathanna agus bailchríoch struchtúir sheachtracha na forbartha. I measc na n-ábhar bheadh adhmaid, coincreít, gloine etc.
- 4.3. Más rud é go bhfuil iarratas á dhéanamh ar shíneadh le háit cónaithe ach gurb é 'aonad cóiríochta coimhdí' nó aonad cónaithe ar leithligh atá i gceist, ní mór táille € 65 le hÍoc. Cuir tic sa bhosca ábhartha. Is gá freisin 'aonad cóiríochta coimhdí' nó aonad aonad cónaithe ar leithligh a lua sa tuairisc ar an bhforbairt i d'Fhógra Preasa agus i d'Fhógra Láithreáin.
- 4.4. Léirigh le do thoil, má tá aon talamh agat atá timpeall, le cois nó in aice leis an láithreán atá i gceist.
- 4.5. Ba cheart do shealúchas talún a leagan amach i ndath gorm ar léarscáileanna de shuíomh an láithreáin a chuir tú isteach. Mar shampla, má tá feirm agat agus mura mbaineann an t-iarratas seo ach le láithreán amháin ar do thalamh, ansin ba cheart teorainneacha an láithreáin a leagan amach i ndath dearg agus an chuid eile de do thalamh a leagan amach i ndath gorm.
- 4.6. Faoi Alt 37A den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, déanfar iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh go díreach chuig an mBord Pleanála. Má tá aon cheist agat maidir leis an gceist seo féach ar shuíomh gréasáin an Bhoird Phleanála [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie).
- 4.7. Cuir tic le 'Tá' agus comhlánaigh ceisteanna 6.8 & 6.9 (Sonraí Iarratais Talmhaíochta) den iarratas má tá stáblaí mar chuid den fhorbairt atá beartaithe.

**Roinn 5 - SONRAÍ maidir le HIARRATAIS NEAMH-BHAILE agus NEAMH-THALMHAÍOCHTA**

Ní mór C.5.1 go C.5.7 den fhoirm a chomhlánú má bhaineann an t-iarratas le Forbairtí Gnó, Fiontair, Tionscail, Miondíola nó Cineál Tráchtála eile. Is féidir leat bileog ar leith a úsáid chun cuid de na ceisteanna ar an bhfoirm a fhreagairt. Má roghnaíonn tú é seo a dhéanamh, bí cinnte go ndéanfaidh tú tagairt do na bileoga ábhartha sna spásanna atá ar fáil ar an bhfoirm.

- 5.1 Luaigh le do thoil an úsáid atá beartaithe don fhorbairt. Déan cur síos ar chineál an ghnó a dhéanfar san áitreabh. Liostaigh gach amhábh a úsáidfear ar an suíomh. Déan cur síos ar na próisis thionsclaíochta nó déantúsaíochta a dhéanfar san áitreabh agus liostaigh aon earraí monaraithe a tháirgtear.

- 5.2. Má tháirgtear deatach, deannach, torann, bolaithe nó aon astaíocht eile mar thoradh ar na próisis ar an láthair ansin tabhair sonraí fúthu agus luaigh conas a rialóidh tú na hastaíochtaí seo. Luaigh má tá ceadúnas IPC agat chun aon dramhaíl/astaíochtaí a rialú.
- 5.3. Liostaigh gach eisilteach leachtach agus dramhaíl sholadach a tháirgtear nó a ghinfí mar thoradh ar na próisis a bhaineann leis an bhforbairt. Déan cur síos ar na modhanna atá beartaithe agat a úsáid chun aon eisiltigh nó dramhaíl sholadach a tháirgtear ar an láthair a dhiúscairt. Déan cinnte go ndéanann tú cur síos freisin ar an gcaoi a gcaitear le séarachas ar bith agus/nó a ndiúscaítear é ar an láthair.

**Tabhair faoi deara, le do thoil, má theastaíonn nasc le haghaidh uisce dromchla agus/nó séarach bréan, ansin caithfear méid, tuairisc agus grádán na ndraenacha a thaispeáint ar phleananna.**

- 5.4. Ba chóir go gcuimseodh gach iarratas ar fhorbairt nua Córais Draenála Inbhuanaithe (SuDS), de réir fhorálacha Chaibidil 11 den Phlean Forbartha Contae. Teastaíonn Measúnú Tionchair Draenála mar thacaíocht leis an iarratas. Féach an tAcht le haghaidh tuilleadh sonraí. Is féidir leat do mholtaí a phlé freisin ag an gcéim réamhphleanála. Tá nóta treorach ullmhaithe ag an Údarás Pleanála maidir le Bainistíocht Uisce Dromchla ina mínítear cad atá ag teastáil. Tá an nóta ar fáil ar an Suíomh Gréasáin ag an nasc seo: [surface-water-management-advice-note-13.12.2022.pdf \(corkcoco.ie\)](https://www.corkcoco.ie/surface-water-management-advice-note-13.12.2022.pdf)
- 5.5. (a) Tabhair sonraí faoin líon daoine a bheadh fostaithe ar an suíomh.  
(b) Tabhair sonraí, chomh fada agus is eol duit, faoin méid tráchta a ghinfear ar an láithreán. Cuimhnigh ar fostaithe agus trácht na gcustaiméirí a chur san áireamh.
- 5.6. Tabhair sonraí faoin gcaoi a soláthraítear uisce chuig an bhforbairt. Déan cur síos ar an gcaoi a n-úsáidtear an t-uisce sna córais déantúsaíochta agus fuaraithe agus tabhair sonraí faoi theocht an uisce. Luaigh an méid uisce a úsáidtear gach lá agus conas a dhiúscaítear an t-uisce. Luaigh má tá ceadúnas agat chun an t-uisce a dhiúscairt.
- 5.7. Luaigh le do thoil conas a dhéanfar fuinneamh/cumhacht m.sh. ola, gás, leictreachas príomhlíonra etc a sholáthar chuig an bhforbairt.
- 5.8. Más gá duit amhábhair nó táirgí críochnaithe a stóráil ar an láthair tabhair sonraí faoi chineál na n-ábhar seo agus sonraigh an bhfuil na hearraí seo le stóráil laistigh, lasmuigh, i stóráil oscailte nó clúdaithe. Bí cinnte go gcuirfidh tú sonraí stórála ar fáil maidir le haon ábhair ghuaiseacha. Liostaigh le do thoil aon nósanna imeachta agus prótacail sábháilteachta atá i bhfeidhm agat maidir leis na hábhair seo.

## **Roinn 6 - SONRAÍ IARRATAIS TALMHAÍOCHTA**

Baineann ceisteanna 6.1 go 6.22 den fhoirm iarratais le Forbairt Talmhaíochta. Má chuimsíonn d'iarratas tógáil stáblaí baile, comhlánaigh ceist 6.8 & 6.9 freisin.

D'ullmhaigh Oifig an Rialóra Pleanála doiciméad treorach úsáideach maidir le Forbairt Talmhaíochta agus Feirme a d'fhéadfadh a bheith úsáideach d'iarratasóirí agus tá sé ar fáil ag an nasc seo [Planning-Leaflet-9-Agricultural-and-Farm-Development-The-Planning-Issues.pdf \(opr.ie\)](https://www.opr.ie/Planning-Leaflet-9-Agricultural-and-Farm-Development-The-Planning-Issues.pdf).

- 6.1. Tá 21 Aonad Bainistíochta Uisce Abhann/Locha (WMUanna) (Ina n-iomláine nó cuid díobh) i gContaeChorcaí. Tá siad seo comhdhéanta de **Dhobharlaigh** atá ina bhfo-aonad comhleanúnach san Abhantrach. Úsáidtear acmhainní W.M.U. chun na Dobharlaigh a bhainistiú. Tá Dobharlaigh sainithe agus imlínithe ag an EPA mar chuid den Chreat-treoir Uisce. Is é an **Dobharlach** an t-aon aonad amháin atá le tuairisciú don Eoraip. Ní mór gach gníomh/beart faoin gCreat-Treoir Uisce a thuairisciú ag leibhéal an **Dobharlaigh**, i.e. cigireachtaí feirme, cigireachtaí umair sheiptigh, athbhreithnithe ar cheadúnais scaoilte, iarratais phleanála (deonú agus diúltú), clár WSIP, etc.

Is cód alfa-uimhriúil é an cód Dobharlaigh (m.sh. IE\_ SW\_19\_755) agus is féidir é a fháil ón láithreán gréasáin seo a leanas [www.wfdireland.ie](http://www.wfdireland.ie) trí chliceáil ar léarscáileanna uisce.

- 6.2. Luaigh an fad idir an clós feirme agus an áit chónaithe tríú páirtí is gaire: Ba cheart é seo a thaispeáint freisin ar leagan amach láithreáin nó ar leagan amach feirme. Ciallaíonn tríú páirtí anseo aon talamh nó déanamhas atá in aice le do thalamh agus nach bhfuil faoi d'úinéireacht.
- 6.3 Luaigh an fad idir an clós feirme agus an sruthchúrsa is gaire, i.e. sruthán nó abhainn. Ba cheart é seo a thaispeáint freisin ar leagan amach láithreáin nó ar leagan amach feirme.
- 6.4. Luaigh cén úsáid a bhainfear as an bhfoirgneamh/forbairt bheartaithe nuair a bheidh sé críochnaithe.
- 6.5. Luaigh achar an fhoirgnimh atá beartaithe ó aon teaghais atá in aice le do láithreán ach nach bhfuil faoi d'úinéireacht nó ar do thalamh. Taispeáin foirgnimh chun tosaigh, ar chúl agus ar gach taobh de d'fhorbairt. Ba chóir na foirgnimh seo a thaispeáint ar léarscáil leagan amach an láithreáin nó ar léarscáil leagan amach feirme.
- 6.6. Comhlánaigh na boscaí ábhartha le do thoil, chun líon agus cineál na n-ainmhithe a bhfuil cóiríocht le déanamh dóibh ar an bhfeirm a thaispeáint.
- 6.7. Comhlánaigh na boscaí ábhartha le do thoil, chun líon agus cineál na n-ainmhithe a bhfuil baint acu le dianfhiontair talmhaíochta a thaispeáint.
- 6.8. Comhlánaigh na boscaí ábhartha le do thoil, chun líon agus cineál na n-ainmhithe a bhfuil cóiríocht le déanamh dóibh san fhoirgneamh beartaithe a thaispeáint.
- 6.9. Ní mór an cheist seo a chomhlánú le haghaidh aon stáblaí atá mar chuid d'iarratas cónaithe, tráchtála agus/nó talmhaíochta. Cuir tic sna boscaí a léiríonn an úsáid atá beartaithe do na stáblaí i d'fhorbairt.
- 6.10. Tabhair sonraí faoi na cainníochtaí agus na cineálacha sadhlais a tháirgtear ar an bhfeirm gach bliain.
- 6.11. Tabhair sonraí faoi na clóis bheathúcháin oscailte agus na clóis salacha oscailte a bhfuil rochtain rialta ag na hainmhithe feirme orthu. Ba chóir duit é seo a thaispeáint ar léarscáil leagan amach láithreáin nó ar léarscáil leagan amach feirme.
- 6.12. Luaigh líon na heicteár faoi d'úinéireacht le do thoil. (Ní mór é seo a lua anseo ach ba chóir é a aibhsiú nó é a imlíniú i ndath gorm ar léarscáil de shuíomh an láithreáin.)
- 6.13. Luaigh le do thoil, conas a sholáthraítear uisce don fheirm. Déan cinnte go bhfuil d'fhreagra ag teacht le ceist 2.20 den fhoirm seo.
- 6.14. Freagair Tá nó Níl, le do thoil. (Ba chóir duit dáta na cuairte is déanaí a chur san áireamh más eol duit é.)
- 6.15. Féach le do thoil I.R. Uimh. 31 de 2014 - ar a dtugtar na Rialacháin um Níotrátí freisin – & aon rialacháin ina dhiaidh sin chun a chinntiú go gcomhlíonann an fhorbairt atá beartaithe Rialacháin AE. Cuir in iúl Tá nó Níl anseo.
- 6.16. Cuir in iúl má tá tástálacha anailíse ithreach déanta ar do thalamh. Is féidir leat an dáta is déanaí a iontráil más eol duit.
- 6.17 – 6.22. Maidir leis na ceisteanna seo is féidir leat sonraí a thaispeáint ar do Thaifead de Dhéanmhais Feirme atá ar chúl na Foirme Iarratais nó ar do Leagan amach Láithreáin/feirme agus ar léarscáileanna de shuíomh an Láithreáin.

Ba chóir go gcuideodh na nótaí thíos leat d'iarratas ar fhorbairt talmhaíochta a chomhlánú freisin. Is moltaí iad maidir le conas ba chóir d'iarratas/pleananna a leagan amach agus conas a tiomsaíodh iad i gcomhar le rannóg Comhshaoil na Comhairle. Cuideoidh sé seo leis an Roinn Pleanála d'iarratas a phróiseáil agus cabhróidh sé le haon mhoill neamhriachtanach a sheachaint.

Ar a laghad beidh an méid seo a leanas sa phlean/togra;

- Líníocht de leagan amach an láithreáin de réir scála 1:500 ina sainaitheofar go soiléir gach déanmhas, tobar & sruthuisce atá ann cheana agus atá beartaithe, laistigh de theorainn an láithreáin, le crostagaírt do **Liosta Déanmhas Feirme** nó **Taifead** ina bhfaigheann gach déanmhas uimhir thagartha dó féin. Cuirfear in iúl freisin i líníocht leagan amach an láithreáin gach déanmhas atá tadhlaigh leis an láithreán nó i gcomharsanacht an láithreáin, go háirithe aon teaghaisí, toibreacha & sruthuisce atá tadhlaigh leis nó in aice leis.
- Liosta Struchtúr Feirme nó Taifead ina sainaitheofar gach déanmhas atá ann cheana agus atá beartaithe ar an láthair lena n-áirítear; foirgnimh, umair, clóis, sadhlanna, naprúin etc., a limistéir urláir faoi seach (& olltoilleadh d'umair arna ríomh ó thomhais inmheánacha an umair) agus úsáidí atá beartaithe agus atá ann cheana. Tá Taifead Déanmhais Feirme bán ceangailte a fhéadfar a úsáid.
- Ba chóir Measúnú Tionchair Draenála a chur isteach, lena n-áirítear an Bhileog Roghnúcháin SuDS chuí. San líníocht de leagan amach an láithreáin sainithnítear na córais draenála le haghaidh uisce stoirme ó dhíonta & ó limistéir choincréite glaine i ndath gorm. Tá nóta treorach ullmhaithe ag an Údarás Pleanála maidir le Bainistíocht Uisce Dromchla ina mínítear cad atá ag teastáil. Tá an nóta ar fáil ar an Suíomh Gréasáin ag an nasc seo: [surface-water-management-advice-note-13.12.2022.pdf \(corkcoco.ie\)](https://www.corkcoco.ie/surface-water-management-advice-note-13.12.2022.pdf)
- San líníocht de leagan amach an láithreáin sainithnítear an córas draenála le haghaidh uisce salach, eisilteach sadhlais, etc., atá ann cheana féin agus atá beartaithe, lena n-áirítear seomraí atreoraithe, i ndath dearg, & áit ina sceithfidh siad sin. Beifear in ann limistéir chlóis shalaithe a aithint go soiléir ar phleananna & a shonrú ar Thaifead na Struchtúr Feirme.
- San líníocht de leagan amach an láithreáin sainithnítear bealaí gluaiseachta rialta do bheostoc, go háirithe áit a bhfuil ba déiríochta ag gluaiseacht ar bhonn dhá uair sa lá, & cén soláthar atá le déanamh chun uisce salach a láimhseáil ó na limistéir sin.
- Taispeánfaidh na pleananna, na hingearchlónna agus na gearrthacha a chuirfear isteach mionsonraí na forbartha atá beartaithe & conas a luíonn sé seo leis na déanmhais atá ar an láthair.
- Léireofar sa phlean / iarratas líon, cineál agus aois an bheostoic go léir a bheidh ar an bhfeirm, sainaitheofar líon, cineál agus aois na n-ainmhithe a dtugtar cóiríocht dóibh i ngach déanmhas sa chlós feirme agus na háiteanna ina mbailítear agus ina stóráiltear na heisiltigh a ghintear. Léirigh le do thoil, an bhfuil na humair stórála eisiltigh oscailte, clúdaithe, lataithe, nó laistigh de dhéanmhais atá ann cheana nó atá beartaithe.
- Tabhair sonraí faoi aon tithíocht bheostoic eile, nach bhfuil ar an láithreán seo, a úsáideann an t-iarratasóir le linn thréimhse an gheimhridh, léarscáil suímh & sonraí faoi shaoráidí san áireamh.
- Léireofar sa phlean / iarratas an líon nó an acraíocht choigeartaithe [Heicteáir] atá faoi do rialú nó faoi d'úinéireacht agus an acraíocht atá ar fáil chun leasacháin orgánacha a leathadh amach ar an talamh.
- Ba cheart go n-aithneodh an plean/iarratas líon agus cineál na n-ainmhithe atá le lonnú ar limistéir leaba tuí nó ar limistéir atá ina leaba tuí i bpáirt. Soiléirigh freisin conas a bhainisteofar aoileach chlós feirme ó na limistéir leapan seo le linn na thréimhse tithíochta.
- Má dhéantar leasachán orgánach (sciodar, aoileach éanlaithe clóis, sloda, etc.) a allmhairiú nó a onnmhairiú ón bhfeirm, tabharfar sonraí maidir le cineál, cainníocht, foinse/ceann scríbe an ábhair sin & i gcás ina stóráiltear an t-ábhar sin ar an bhfeirm, sula ndéantar é a leathadh ar an talamh, más ábhartha.
- Déanfar méid an sciodair, eisiltigh & uisce shalaigh a ghintear sa chlós feirme a ríomh de réir I.R. Uimh. 31 de 2014, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint) 2014 nó aon rialachán ina dhiaidh sin.
- Déanfar toiliú stórála na saoráidí stórála sciodair, eisiltigh & uisce shalaigh (atá ann cheana nó atá beartaithe) sa chlós feirme a ríomh i gcomhréir le I.R. Uimh. 31 de 2014, le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint) 2014 nó le haon rialachán ina dhiaidh sin.
- Má tá saoráidí leaba tuí beartaithe le haghaidh beostoic, aithneofar limistéir beathaithe & aclaíochta go soiléir agus déanfar soláthar chun sciodair agus uisce salachair a bhailiú agus a stóráil ó na limistéir seo.
- Taispeánfar go soiléir sa phlean conas a chomhlíonfaidh an t-iarratasóir I.R. Uimh. 31 de 2014, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint) 2014 nó aon rialachán ina dhiaidh sin maidir le sciodar, eisilteach agus toilleadh stórála uisce salach.
- Má bheartaítear cruach nó umar coincréite os cionn na talún d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le bunda cré chun aon sruthchúrsaí leochaileacha a chosaint ar sceitheadh de thaisme as an umar. Níl sláine umar den sórt sin i

gceist; mar sin féin, d'fhéadfadh go bhfágfaí comhlaí ar oscailt as a dtiocfadh doirteadh mar thoradh ar earráid duine. Is leor bunda cré simplí píosa beag uaidh chun na críche seo.

- Comhshíneoidh an cliant gach plean sula gcuirfear faoi bhráid na Roinne Pleanála é. Cinntíonn sé seo go nglacann an cliant úinéireacht ar na tograí a chuirtear isteach agus go bhfuil sé freagrach astu.
- Déanfar socrú i bpleananna chun umair díosail a bhundú.
- Comhlíonfaidh gach obair tógála atá beartaithe sonraíochtaí na Roinne Talmhaíochta, Bia & Mara. Is féidir teacht ar na sonraíochtaí seo ar a suíomh gréasáin nó trí theagmháil a dhéanamh leis an Roinn.
- Diúscrófar dramhaíl tógála i gcomhréir leis na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996 go 2011. Má tá dramhaíl tógála le baint den láithreán déanfar í a dhiúscairt chuig saoráid cheadúnaithe nó cheadaithe.
- Cinntigh, le do thoil, go bhfuil gach cóip den doiciméadú a chuirtear isteach soiléir agus inléite.

Is féidir na rialacháin dá dtagraítear a fháil ar láithreán gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil ([www.viron.ie](http://www.viron.ie)) nó is féidir cóip a fháil ó Oifig Foilseachán an Rialtais.

## **NÓTAÍ MAIDIR LE TAIFEAD NA NDÉANMHAS FEIRME A CHOMHLÁNÚ**

Tá aicmiú foirgneamh atá le húsáid chun liosta na ndéanmhas feirme seo a ullmhú le bheith de réir na Rialachán Pleanála & Forbartha 2001 I.R. 600/2001, Forbairtí Talmhaíochta.

Seo a leanas cur síos gairid ar na haicmí éagsúla a úsáidtear sa tábla, le haghaidh tuairiscí iomlána féach na rialacháin thuasluaite.

- Aicme 6** Oibreacha arb é atá iontu déanmhas faoi dhíon chun cóiríocht a thabhairt d'eallach, caoirigh, gabhair, asail, capaill, fianna nó coiníní.
- Aicme 7** Oibreacha arb é atá iontu déanmhas faoi dhíon chun muca, minceanna nó éanlaithe chlóis a chur isteach ann.
- Aicme 8** Oibreacha arb é atá iontu cubhachailí gan díon, clóis scaoilte oscailte, limistéir sadhlainne nó sadhlais féinchothaithe, leaca cothúcháin, clóis chóimeála, bleánlanna nó déanmhais chun sadhlas a dhéanamh nó a stóráil nó aon déanmhais eile dá leithéid nó dá samhail.
- Aicme 9** Oibreacha arb é atá iontu aon stór, scioból, seid, teach gloine nó déanmhas eile nach den chineál a shonraítear in aicme 6, 7 nó 8 mar atá thuas é.

### **A: DÉANMHAIS ATÁ ANN CHEANA I GCLÓS FEIRME**

Cuir toisí inmheánacha cruinne ar fáil do gach foirgneamh agus déanmhas sa chlós feirme mar aon le cuir síos shoiléire ar a n-úsáid, (m.sh. “Scioból féir” “Teach Cubhachail” “Sadhlann a bhfuil balla thart uirthi”). Ba cheart toisí a thabhairt don phointe deachúlach aonair is gaire (m.sh. 3.2 méadar, seachas 3.185 méadar). Mar an gcéanna, ba cheart gach clós a thomhas go cruinn, agus a thaifeadadh. Ba cheart an dara foirm a úsáid mura bhfuil spás leordhóthanach ann. Ní mór gach foirgneamh, déanmhas agus clós a aithint agus a thaispeáint go soiléir ar an líníocht a ghabhann leis. Beidh sa cholún dar teideal “Sceitheadh chuig” uimhir aitheantais an umair eisiltigh a sceithfear an t-eisilteach a cruthaíodh sa déanmhas sin amach chuige.

### **B: DÉANMHAIS NUA BHEARTAITHE**

Cuir toisí agus tuairiscí cruinne ar fáil maidir le gach foirgneamh, déanmhas agus clós nua atá beartaithe. (N.B. maidir le stórais sciodair agus uisce shalaigh atá beartaithe, féach nótaí Bhosca “D” thíos). Ní mór gach foirgneamh atá beartaithe, etc., a aithint go soiléir agus a thaispeáint ar an líníocht a ghabhann leis. Beidh sa cholún dar teideal “Sceitheadh chuig” uimhir aitheantais an umair eisiltigh a sceithfear an t-eisilteach a cruthaíodh sa déanmhas sin amach chuige.

### **C: STÓRAIS SCIODAIR AGUS UISCESHALAIGH ATÁ ANN CHEANA FÉIN**

Cuir toisí cruinne ar fáil do gach stóras sciodair, eisiltigh nó uisce shalaigh atá ann cheana, nó do gach poll aoiligh nó ionad aoiligh.

Ní mór iad seo a aithint go soiléir agus a thaispeáint ar an líníocht a ghabhann leo freisin. Ba cheart toilleadh gach umair a ríomh agus a thaispeáint go dtí an méadar ciúbach is gaire. [Tabhair faoi deara go gcaithfear doimhneacht aon umair a thomhas trí shlat, bata nó maide a úsáid. Níor chóir do dhuine ar bith dul isteach in umar ar bith ar chúinse ar bith fiú má tá sé folamh.] Is sa cholún dar teideal “cur síos” a dhéantar cur síos ar chineál tógála fisiciúil an umair. Is sa cholún dar teideal “cineál eisiltigh a stóráiltear” a thugtar mionsonraí faoin gcineál eisiltigh atá le stóráil, cibé acu sciodar, eisilteach sadhlais, glanadh bleánlainne, uisce salach, etc.

## D: STÓRAIS BHEARTAITHE SCIODAIR AGUS UISCE SHALAIGH

Toisí na stóras sciodair, eisiltigh agus uisce shalaigh go léir atá beartaithe, etc. Ní mór iad seo a aithint go soiléir agus a thaispeáint ar an línócht a ghabhann leo freisin. Ba cheart toilleadh gach umair a ríomh agus a thaispeáint go dtí an méadar ciúbach is gaire. Is sa cholún dar teideal “cur síos” a dhéantar cur síos ar chineál tógála fisiciúil an umair. Is sa cholún dar teideal “cineál eisiltigh a stóráiltear” a thugtar mionsonraí faoin gcineál eisiltigh atá le stóráil, cibé acu sciodar, eisilteach sadhlais, glanadh bleánlainne, uisce salach, etc.

### **Roinn 7: Seicliosta na Saincheisteanna Eile nach mór aghaidh a thabhairt orthu.**

I gcás cineálacha áirithe forbartha, ceanglaítear le *Cuspóirí* an Phlean Forbartha Contae go dtabharfar aghaidh ar nithe áirithe mar chuid den phróiseas toilithe forbartha. Tá na míreanna seo mionsonraithe sa Phlean agus tá na míreanna atá liostaithe thíos san áireamh. **Nuair is féidir ba chóir aghaidh a thabhairt orthu seo mar chuid den Iarratas Pleanála tosaigh, nuair a bhaineann sé leis an gcineál forbartha a bhfuil ceadanna á lorg ina leith. Mura gcuirtear an fhaisnéis isteach, d'fhéadfadh moill a bheith ann i bpróiseáil iarratais toisc go bhféadfadh sé a bheith riachtanach faisnéis bhreise a lorg.**

**Nóta:** léiríonn an liosta seo riachtanais shonracha Chuspóirí an Phlean. Ag brath ar chineál agus ar scála na forbartha atá á moladh, d'fhéadfadh sé go n-éileodh gnéithe eile den phlean go mbreithneofaí iad, i dteannta leo siúd ar an liosta thíos.

Maidir le mír ar bith ar leith, tá tuilleadh sonraí faoin méid a theastaíonn ar fáil sa Phlean Forbartha féin. Is féidir tuilleadh soiléirithe agus treorach a lorg freisin mar chuid den phróiseas réamhphleanála.

I gcás roinnt saincheisteanna tá cáipéisí beartais náisiúnta / treorach / lámhleabhair níos mionsonraithe ann freisin a mhíníonn na saincheisteanna agus na riachtanais go mion, agus caithfeadh dul i gcomhairle leo agus iad a chur san áireamh freisin.

Saincheisteanna a éilíonn tuilleadh tuairiscí / doiciméadaithe tacaíochta:

1. Ráiteas ar Mheascán Tithíochta d'fhorbairtí 5 aonad cónaithe nó níos mó.
2. Measúnú ar Airde Foirgnimh chun níos mó ná ceithre urlár ar airde a fhorbairt
3. Measúnú ar an Éileamh ar Áiteanna Scoile
4. Measúnuithe ar Sholáthar Uisce Tollphoill - Tuarascáil hidreolaí
5. Measúnú ar Thionchar Draenála agus Córais Draenála Inbhuanaithe a sholáthar
6. Measúnú Riosca Tuilte
7. Tograí le haghaidh Tréscailteacht Fheabhsaithe Uilechuimsitheach
8. Tograí chun an Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Shráideanna Uirbeacha a chomhlíonadh.
9. Pleananna Bainistíochta Soghluaisteachta agus Measúnuithe Iompair Phoiblí d'fhorbairtí mórsála
10. Measúnú Tráichta agus Iompair (TTA) agus Iniúchtaí Sábháilteachta ar Bhóithre do chineálacha áirithe forbartha
11. Tograí le haghaidh pointí luchtaithe EV
12. Tuarascáil Pobail a ullmhú agus sonraí faoin gcomhairliúchán poiblí a rinneadh maidir le forbairtí Fuinnimh Gaoithe.
13. Ráiteas Bonneagair Ghlais/Plean Bonneagair Ghlais/Réasúnaíocht maidir le Dearadh Tírdhreacha
14. Measúnú Tionchair le haghaidh Tuairimí agus Ionchas
15. Measúnú Riosca i dTalamh Truailithe
16. Plean Bainistíochta Acmhainní agus Dramháola do gach tionscadal tógála agus scartála (féach thíos).
17. Measúnú seandálaíochta
18. Foirm iarratais fhorlíontach do thithíocht tuaithe.
19. Ceanglais na nAchtanna Siltin Airtéirigh (féach thíos).

## **Plean Bainistíochta Acmhainní & Dramhaíola**

Ní mór Plean Bainistíochta Acmhainní & Dramhaíola (RWMP) a chur isteach i dtaobh gach tionscadal tógála agus scartála chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas toilithe pleanála de réir “*EPA Best Practise Guidelines for the preparation of resource & waste management plans for construction & demolition projects*” agus de réir Caibidle 15 den Phlean Forbartha Contae.

Caithfidh na céimeanna seo a leanas den tionscadal a bheith san áireamh in ullmhú an Phlean Bainistíochta Acmhainní & Dramhaíola:

- Roimh Thógáil – lena n-áirítear céimeanna deartha, pleanála agus soláthair roimh oibreacha ar an láthair, agus
- Le linn Tógála – maidir le bainistíocht éifeachtach acmhainní agus dramhaíola le linn oibríochtaí tógála agus scartála.

## **Tá dhá chatagóir de RWMP ann**

**Sraith 1:** Tionscadail ar Scála níos lú Maidir leis na forbairtí seo, tá RWMP simplithe oiriúnach de réir an teimpléid thíos, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas.

<https://www.corkcoco.ie/ga/conaitheoir/comhshaoil/dramhail-togala-agus-scartala>

**Sraith 2:** Tionscadail ar scála níos mó lena n-áirítear Forbairtí Straitéiseacha Bonneagair, Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta etc. Éilíonn na cineálacha tionscadal seo RWMP saincheaptha a chomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach i Roinn 4 & 5 de “*EPA Best Practise Guidelines*” agus a chomhlíonann na riachtanais íosta ábhair atá leagtha amach in Aguisín C de na treirlínte céanna.

### **Eolas ginearálta**

- a) Ainm an iarratasóra
- b) Sonraí teagmhála an Iarratasóra/an Chonraitheora/an Fhorbróra/an Fhochoonraitheora
- c) Sonraí teagmhála an duine atá freagrach as an bPlean Bainistíochta Acmhainní & Dramhaíola a ullmhú
- d) Suíomh an Láithreáin agus seoladh na Forbartha
- e) Déan cur síos ar chineál na Forbartha
- f) Tagairt don Chlár Pleanála

### **Tionscadail Sraithe 1:– Teimpléad Samplach don Phlean Bainistíochta Acmhainní & Dramhaíola**

Seo a leanas treoir ghinearálta maidir leis na sonraí ba chóir a chur san áireamh sa Phlean Bainistíochta Acmhainní & Dramhaíola atá á chur isteach mar chuid den Iarratas Pleanála.

#### **Cur síos ar an tionscadal**

- a) Cur síos ar an láithreán lena n-áirítear sonraí faoi leagan amach an láithreáin atá ann cheana:
- b) Sonraí faoi aon ghlanadh láithreáin agus/nó scartáil atá beartaithe:
- c) Cur síos ar na gnéithe tógála agus bonneagair iad siúd san iarratas pleanála san áireamh
- d) Déan cur síos ar dhearadh na dtionscnamh dramhaíola a úsáidtear, agus na modhanna coiscthe dramhaíola a chuirtear i bhfeidhm don tionscadal
- e) Sainithint gach srutha dramhaíola a ghintear lena n-áirítear cóid Liosta na Dramhaíola (LoW) do gach sruth agus cainníocht réamh-mheasta an ábhair a ghintear i dtonaí.
- f) Sonraigh conas a dhéanfar na cainníochtaí réamh-mheasta ábhair a ghintear a athúsáid agus a athchúrsáil nó modhanna aisghabhála agus diúscairthe eile atá beartaithe.

#### **Aon tuairimí eile**

Cuir san áireamh aon tuairimí eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don Phlean Bainistíochta Acmhainní & Dramhaíola.



## Ceanglais na nAchtanna Siltin Airtéirigh.

Chomh maith leis na riachtanais maidir le measúnú riosca tuile, tá roinnt próiseas toilithe reachtúil ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) a éilítear faoi na hAchtanna Draenála Artaireach agus IR 122, is é sin;

- [Alt 50: Rialacháin an Achta um Dhraenáil Artaireach a Leasú, 1945 & AE \(Rioscaí Tuilte a Mheasúnú agus a Bhainistiú\) IR 122 de 2010](#)
- [Alt 9: An tAcht um Dhraenáil Artaireach a Leasú, 1995](#)
- [Alt 47: An tAcht um Dhraenáil Airtéireach, 1945](#)

Tá sonraí leagtha amach i gCaibidil 11 d'Imleabhar 1 den Phlean Forbartha Contae 2022 agus trí na naisc thuas.

Ós rud é go bhféadfadh toradh na bpróiseas toilithe seo tionchar a imirt ar dhearadh agus ar leagan amach na forbartha beartaithe, moltar an toiliú seo a chur i bhfeidhm sula gcuirtear iarratas pleanála isteach ach moltar ar aon nós, teagmháil réamhiarratais a dhéanamh le hOifig na nOibreacha Poiblí sula gcuirtear tús le forbairt. Ní mhaolaíonn deonú cead a an gá atá le toiliú / ceadúnas OPW a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil. Más rud é go n-éilíonn próiseas toilithe an OPW athruithe ar an bhforbairt beartaithe tar éis cead a dheonú, ba cheart na hathruithe seo a chur in iúl don Údarás Pleanála agus d'fhéadfadh go n-éileofaí go gcuirfí iarratas pleanála athbhreithnithe isteach.

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le Roinn Pleanála Chomhairle Contae Chorcaí má theastaíonn tuilleadh cúnaimh uait maidir leis bhfoirm seo.

**Ní bheidh iarratasóir i dteideal an fhorbairt a dhéanamh díreach toisc go bhfuil cead pleanála aige. D'fhéadfadh go mbeadh toilithe eile ag teastáil ón iarratasóir, ag brath ar an gcineál forbartha atá i gceist. Mar shampla, ní mór do gach foirgneamh nua, gach síneadh agus athrú ar úsáid foirgneamh atá ann cheana cloí le rialacháin foirgníochta, ina leagtar amach bunriachtanais dearaidh agus tógála.**

**Ba chóir foirmeacha iarratais agus iad comhlánaithe go hiomlán, a chur isteach chuig an oifig phleanála lena mbaineann.**

## **COMHAIRLECONTAECHORCAÍ**

### *Oifig Halla an Chontae*

An Rannóg Pleanála  
Halla an Chontae,  
Bóthar Charraig Ruacháin,  
Corcaigh  
T12 R2NC

TEIL: (021) 4276891  
FACS: (021) 4276321

### *Oifig Pleanála Iarthar Chorcaí*

Teach Norton,  
Bóthar Chorcaí,  
An Sciobairín,  
Co.Chorcaí  
P81 AT28

**SEOLADH GRÉASÁIN: [www.corkcoco.ie](http://www.corkcoco.ie)**

**LIOSTA FAOFA NUACHTÁN CHUN FÓGRA A FHOILSIÚ GO BHFUIL AR INTINN  
AGAT IARRATAS PLEANÁLA A DHÉANAMH**

<b>Ainm an Pháipéir Nuachta</b>	<b>Limistéar dá bhfuil cead tugtha</b>
Irish Examiner	Ar fud an chontae
Irish Independent	Ar fud an chontae
The Irish Times	Ar fud an chontae
The Evening Echo	Ar fud an chontae
The Corkman Eagrán Chorcaí Thuaidh Eagrán Mhúscraí Eagrán AbhainnDubh	Limistéar Chorcaí Thuaidh Ceantar Mhúscraí lena n-áirítear Maigh Chromtha, Baile Bhúirne & Na hUamhanna
Réalt an Deiscirt	Ar fud an chontae gan Corcaigh Thuaidh san áireamh
The Mallow/Vale Star	Limistéar Chorcaí Thuaidh lena n-áirítear An Ráth, Mala, Cill na Mallach, Lios Cearúill, Dún ar Aill, Cill an Mhuilinn, Caisleán an Mhaignéaraigh, Mainistir na Móna, Baile Nua Sheandroma, <u>Áth an Mhuilinn</u> , Cill Bhrain, Baile Cloch, Baile an Teampaill, Tulach Léis, Drom Atháin, Cillín an Chrónáin, Baile Uí Shé, Ceann Toirc, Dún ar Aill, Tigh an Dá Phota
The East Cork Journal	Áth Fhada, An Geata Bán, Cóbh, Mainistir na Corann, Eochail, Cill Ia, Cluain, Baile na Martra, Gleann Maghair, Carraig Thuathail, Baile Choitín
The Avondhu	Ceantair Mhainistir Fhear Maí & Bhaile Mhistéala, Carraig na bhFear, Gleann an Phréacháin
The Carrigdhoun	Carraig Uí Leighin, An Pasáiste Thiar, Baile an Mhanaigh, Rinn an Scidígh, Dúglas, Crois an Tábhairne, Cionn tSáile, Trácht Fhionn, Baile Garbháin

**SCEIDEAL 9**  
*Cuid 12*  
**TÁILLÍ D'IARRATAIS PHLEANÁLA**  
Roinn 1

**Léirmhíniú**

1. Chun críocha an Sceidil seo, más cuí, ciallaíonn “soláthar” tí, foirgnimh nó déanmhais eile -
  - (a) oibreacha a dhéanamh
  - (b) athrú ábhartha a dhéanamh ar úsáid déanmhais, nó
  - (c) forbairt neamhúdaraithe a choinneáil.
2. (a) Faoi réir ailt (b), ag tagairtí 6,7,11 agus 12 de cholún 1 de Roinn 2 den Sceideal seo cuimseoidh “úsáid talún” úsáid neamhúdaraithe talún a choinneáil, agus oibreacha a dhéanamh, nó déanmhais a choinneáil, ar an talamh, sa talamh nó faoin talamh a ghabhann leis an úsáid ar bhonn teagmhasach.  
  
(b) Ag tagairt 11 de cholún 1 de Roinn 2 den Sceideal seo, ní chuimseoidh “talamh a úsáid” oibreacha a dhéanamh chun teach club nó saoráidí gaolmhara a sholáthar do dhaoine a úsáideann a galfchúrsa nó an cúrsa galf dhá mhaide, ná aon déanmhais den sórt sin a choinneáil.  
Roinn 2

**Scála na dTáillí ar Iarratais Phleanála arna chur cothrom le dáta**

<b>Colún 1</b> <b>Aicme Forbartha</b>	<b>Colún 2</b> <b>Méid na Táille</b>	<b>Colún 3</b> <b>Méid na Táille ar Chead Coinneála</b>
1. Teach a sholáthar	€65	€195 nó €2.50 ar gach méadar cearnach d'ollspás urláir dá bhfuil cead á lorg, cibé acu is mó
2.(a) Aon oibreacha chun cothabháil, feabhsú nó athrú eile a dhéanamh ar theach atá ann cheana (lena n-áirítear aon oibreacha chun síneadh a sholáthar nó tiontú garáiste, seid nó stórais ar bith nó struchtúr eile ina chuid den teach)	€34	€102 nó €2.50 ar gach méadar cearnach d'ollspás urláir dá bhfuil cead á lorg, cibé acu is mó.
(b) Aon oibreacha eile lena n-áirítear tógáil, foirgniú nó athrú déanmhais laistigh de chúrtealáiste nó taobh le teach atá ann cheana, chun críocha a bheith coimhdeach le húsáid an tí féin.	€34	€102 nó €2.50 ar gach méadar cearnach d'ollspás urláir dá bhfuil cead á lorg, cibé acu is mó.

<p>3. Foirgnimh nó déanmhais eile a sholáthar chun críocha talmhaíochta nó cúnna a choimeád.</p>	<p>(i) I gcás foirgneamh, €80 ar gach foirgneamh, nó €1 ar gach méadar cearnach de spás urláir comhlán a bheidh le soláthar de bhreis ar 50 méadar cearnach i gcás foirgnimh chun cúnna a choimeád nó 200 méadar cearnach in aon chás eile, cibé acu is mó, (ii) i gcás aon déanmhas eile, €80 ar gach déanmhas, faoi réir uasmhéid €300</p>	<p>(i) I gcás foirgneamh, €240 ar gach foirgneamh, nó €3 ar gach méadar cearnach de spás urláir comhlán a bheidh le soláthar de bhreis ar 50 méadar cearnach i gcás foirgnimh chun cúnna a choimeád nó 200 méadar cearnach in aon chás eile, cibé acu is mó, (ii) i gcás aon déanmhas eile, €240 ar gach déanmhas, faoi réir uasmhéid €900</p>
<p>4. Soláthar foirgneamh seachas foirgnimh a thagann faoi réim aicme 1,2 nó 3.</p>	<p>€80 ar gach foirgneamh, nó €3.60 ar gach méadar cearnach d'ollspás urláir atá le soláthar, cibé acu is mó.</p>	<p>€240 ar gach foirgneamh, nó €10.80 ar gach méadar cearnach d'ollspás urláir atá le soláthar, cibé acu is mó.</p>
<p>5. (a) Talamh neamshaothraithe nó limistéir leathnádúrtha a úsáid chun críocha dian-thalmhaíochta. (b) Foraoisiú tosaigh. (c) Speicis bhuaircíneacha a chur in ionad foraoise airde leathanduilleach. (d) Baint mhóna</p>	<p>€5 ar gach heicteár d'achar an láithreáin  €5 ar gach heicteár d'achar an láithreáin €80 nó €5 ar gach heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó €5 ar gach heicteár d'achar an láithreáin</p>	<p>€15 ar gach heicteár d'achar an láithreáin  €15 ar gach heicteár d'achar an láithreáin €240 nó €15 ar gach heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó €15 ar gach heicteár d'achar an láithreáin</p>
<p>6. Talamh a úsáid -  (a) chun mianraí a bhaint agus a shaothrú, (b) dramhaíl nó fuíollábhar a chur.</p>	<p>€500 nó €50 ar gach 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó</p>	<p>€1500 nó €150 ar gach 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó.</p>
<p>7. Talamh a úsáid -  (a) chun iad seo a leanas a choinneáil nó a chur uirthi: pubaill, veaineanna campála, carbháin nó déanmhais eile ar bith (bíodh siad soghluaiste nó infhillte nó ná bíodh) chun a bheith ag fanacht i gcarbháin nó ag campáil nó chun earraí a dhíol, (b) Mótarfheithiclí a phárcáil, (c) mótarfheithiclí nó rudaí nó substaintí eile a stóráil go hoscailte</p>	<p>€80 nó €50 ar gach 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó</p>	<p>€240 nó €150 ar gach 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó</p>
<p>8. Gléasra nó innealra, nó umair nó déanmhais eile (seachas foirgnimh) a sholáthar ar thalamh, sa talamh nó thar thalamh nó faoi thalamh chun críocha stórála.</p>	<p>€200 nó €50 ar gach 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó.</p>	<p>€600 nó €150 ar gach 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó</p>
<p>9. Struchtúr fógraíochta a sholáthar nó déanmhas atá ann cheana nó talamh eile a úsáid chun fógraí a thaispeáint</p>	<p>€80, nó €20 ar gach méadar cearnach, nó cuid de, de spás fógraíochta atá le soláthar, cibé acu is mó.</p>	<p>€240, nó €60 ar gach méadar cearnach, nó cuid de, de spás fógraíochta atá le soláthar, cibé acu is mó.</p>

10. Línte tarchurtha nó dáilte lastuas a sholáthar chun leictreachas a sheoladh, é sin nó línte teileachumarsáide lastuas.	€80, nó €50 in aghaidh gach 1000 méadar d'fhad, nó cuid de 1000 méadar d'fhad, cibé acu is mó.	€240, nó €150 in aghaidh gach 1000 méadar d'fhad, nó cuid de 1000 méadar d'fhad, cibé acu is mó.
11. Talamh a úsáid mar ghalfhchúrsa nó mar chúrsa gailf dhá mhaide	€50 ar gach heicteár d'achar an láithreáin	€150 ar gach heicteár d'achar an láithreáin.
12. Talamh a úsáid mar thalamh adhlaetha.	€200 nó €50 ar gach heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó.	€600 nó €150 ar gach heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó.
13. Forbairt nach dtagann faoi réim aon cheann de na haicmí sin roimhe seo.	€80 nó €10 ar gach 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó.	€240 nó €30 ar gach 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó.
14. Forbairt chónaithe ar mhórsála a sholáthar (a) Comhairliúchán réamhiarratais  (b) Struchtúr na táille bunúsaí: - gach aonad tithíochta Nóta: Maidir le hiarratas a chuimsíonn cóiríocht do mhic léinn, nó cóiríocht chomhroinnte, ba chóir an raon déanamhas thuas agus an táille in aghaidh an aonaid a chur i bhfeidhm ar bhonn pro rata na táille ar 1 aonad tithíochta amháin = an táille ar 2 spás leapa i gcóiríocht do mhic léinn nó i gcóiríocht chomhroinnte.  (c) Struchtúr táillí le haghaidh úsáidí eile ar an talamh, a n-éascaíonn a gcriosú úsáid den sórt sin: in aghaidh an mhéadair chearnaigh de spás urláir chomhláin go dtí uasmhéid 30% de spás urláir na forbartha iomláine.  (d) Struchtúr táillí EIAR / NIS a chur isteach	€1,500  €130 in aghaidh an aonaid  €7.20 in aghaidh an mhéadair chearnaigh go dtí uasmhéid €32,400  €10,000	€390 in aghaidh an aonaid   €15 in aghaidh an mhéadair chearnaigh go huasmhéid €65,000  €10,000

### Roinn 3

## Táillí uasta agus íosta ar iarratais phleanála

1. Is é € 28,500 an táille uasta is iníoctha le húdarás phleanála ag iarratasóir i leith iarratais imlíne.

2. Is é € 9,500 an táille uasta is iníoctha le húdarás pleanála ag iarratasóir i leith iarratais lena mbaineann airteagal 161.
3. Is é € 125,000 an táille uasta is iníoctha le húdarás pleanála ag iarratasóir i leith iarratais ar chead chun forbairt neamhúdaraithe a choinneáil.
4. Is é €38,000 an táille uasta is iníoctha le húdarás pleanála ag iarratasóir i leith aon iarratais pleanála seachas iarratas a luaitear in alt 1, 2 nó 3.
5. Is é €34 an táille íosta is iníoctha le húdarás pleanála ag iarratasóir i leith iarratais pleanála agus, in aon chás ina ndéanann an t-údarás pleanála aisíocaíocht i leith iarratais pleanála, ní bheidh an aisíocaíocht de shórt a laghdóidh iarmhéid na táille go dtí níos lú ná €34.
6. Is é €80,000 an táille uasta is iníoctha le húdarás pleanála ag iarratasóir i leith iarratais ar Chead le haghaidh forbartha cónaithe ar mhórsála.

## SCEIDEAL 10

### Táillí Ilghnéitheacha

Colún 1	Colún 2 Méid na Táille
Iarratas pleanála nó barúil maidir le hiarratas pleanála.	€20
Iarraidh ar dhearbhú faoi alt 5 den Acht.	€80
Iarratas faoi alt 42 den Acht	€62

**De réir riachtanais Phlean Íocaíochtaí Náisiúnta an Rialtais, tabhair ar aird nach féidir le Comhairle Contae Chorcaí glacadh le seiceanna ná seiceanna a eisiúint do ghnóilachtaí ón 19<sup>ú</sup> Meán Fómhair 2014.**

#### Tá sé seo i gcomhréir le ceanglais r-Lá.

Is iad seo a leanas na roghanna íocaíochta malartacha atá ar fáil faoi láthair chun táille iarratais pleanála a íoc:

1. Íocaíochtaí Cárta Creidmheasa
2. Ordú Poist
3. Dréacht Bainc
4. Airgead tirim
5. Ríomhaistriú \*

\*Is féidir leis an Roinn Pleanála glacadh le híocaíocht do tháille iarratais phleanála trí Ríomhaistriú (EFT) de réir an phrótacail seo a leanas amháin.

1. Caithfidh gach íocaíocht a bheith in Euro.
2. Ar an aistriú bainc, ní mór don íocóir an fhaisnéis tagartha íocaíochta seo a leanas a thabhairt:
  - luaigh gur **táille iarratais phleanála** atá i gceist
  - ainm an iarratasóra
  - ainm íocóra/ainm cuideachta i gcás nach é an t-íocóir an t-iarratasóir
3. Caithfear fógra maidir leis an aistriú a sheoladh i leith gach íocaíochta ina sonrúfar:
  - dáta agus méid a íocadh le cuntas bainc Chomhairle Contae Chorcaí

- ainm agus seoladh an Iarratasóra
- sonraí faoin méid a bhfuil an íocaíocht á déanamh ina leith
- i gcás ina gclúdaíonn íocaíocht roinnt idirbheart éagsúil,
  - ní mór sceideal/miondealú ar an íocaíocht a chur ar fáil.

Ní mór an fógra maidir leis an aistriú a sheoladh trí ríomhphost chuig: [planninginfo@corkcoco.ie](mailto:planninginfo@corkcoco.ie), ba chóir cóip den fhógra a bheith in éineacht leis an iarratas pleanála nuair a chuirtear isteach é

4. Tabhair faoi deara go dtógfaidh sé suas le dhá lá oibre go dtí go sroichfidh íocaíocht ár gcuntas bainc. Cinntigh go mbeidh an táille íoctha sula gcuirtear an t-iarratas isteach.
5. Chun a chinntiú go bhfaighfean an méid ina iomláine ní mór íocaíochtaí táille a dhéanamh gan muirear a bheith á ghearradh ar an íocaí.

**Nóta: Ní féidir leis an Roinn Pleanála glacadh le haon fhreagracht as íocaíochtaí a dhéantar i gcuntas Chomhairle Contae Chorcaí nach féidir a aithint mar gheall ar easpa faisnéise.**

Má tá aon cheist agat déan teagmháil leis an Rannóg Pleanála ag [planninginfo@corkcoco.ie](mailto:planninginfo@corkcoco.ie)

\*\*\*\*\*  
\*\*\*\*\*

### **Sonraí Bainc do Ríomhaistriú Airgid**

**Ainm an Chuntais:** - Comhairle Contae Chorcaí  
**Cód Sórtála Bainc:** - 93 41 78  
**Craobh an Bhainc:** Banc AIB, 66 An Meal Theas, Corcaigh  
**Uimhir Chuntais:** 80919018  
**BIC:** AIBKIE2D  
**IBAN:** IE37 AIBK 934178 80919018

# Comhairliúchán maidir le Clinicí Réamhpleanála agus Réamhiarratas

Faoi Alt 247 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 féadfaidh aon duine a bhfuil leas acu i dtalamh comhairliúchán réamhiarratais a iarraidh maidir le forbairt bheartaithe.

## Clinicí Réamhpleanála

Cuireann Comhairle Contae Chorcaí Cruinnithe Clinicí Réamhpleanála ar fáil faoi Alt 247 d'Acht 2000. Dá bhrí sin, ní mór do na cruinnithe Clinice Réamhpleanála seo cloí leis na critéir seo a leanas chun an reachtaíocht a chomhlíonadh:

- Tabharfar uimhir thagartha ar leith do Chruinnithe Clinicí Réamhpleanála Oifigiúla. Is féidir í seo a nascadh leis an Iarratas Pleanála (C2.19) dá mba rud é go gcuirfí isteach ceann mar thoradh ar an gcruinniú réamhpleanála sin.
- Ní mór taifead den am, den áit agus de shonraí uile an chruinnithe a thaifeadadh ag an gclinic réamhpleanála agus a chur ar fáil don phobal nuair a dhéantar an cinneadh.
- Ní mór na nithe seo a leanas a bheith in éineacht le gach iarratas scríofa (2 chóip) agus le gach iarratas leictreonach ar choinní réamhpleanála:
  - Litir chumhdaigh lena n-áirítear ainm agus seoladh, uimhir theileafóin an úinéara/iarratasóra, naisc mhionsonraithe leis an gceantar, má tá sé ag obair /má rugadh sa cheantar é, cé chomh fada etc.
  - Sonraí faoi chineál na forbartha atá beartaithe.
  - Léarscáil de Shuíomh an Láithreáin – a thaispeánann suíomh na talún go soiléir. (Más cuid d'fheirm teaghlaigh an láithreáin, cuir isteach léarscáil ina leagtar amach an gabháltas iomlán feirme agus gach teach cónaithe atá ar an talamh faoi láthair)
  - Dréachtphleananna Láithreáin agus Pleananna Dearadh Tí (is féidir glacadh le grianghraif in ionad líníochtaí)
  - Deimhniú ar úinéireacht talún nó toiliú i scríbhinn don Údarás Pleanála ón úinéir talún chun comhairle réamhpleanála a sholáthar

## **Ní ghlacfar le hiarratais ar Chlinicí Réamhpleanála mura bhfuil na doiciméid thuas san áireamh!**

Tabharfar aitheantas do gach coinne trí litir/ríomhphost ina dtugtar uimhir réamhpleanála. Teastaíonn coinne ar leith do gach forbairt/iarratas beartaithe.

Chun cruinniú réamhpleanála a shocrú laistigh de Rannáin an Deiscirt agus an Tuaiscirt de Chomhairle Contae Chorcaí, cuir d'iarratas (lena n-áirítear na sonraí go léir atá leagtha amach thuas) chuig:

**Coinní Clinic Réamhpleanála**  
**Fáiltiú Pleanálaithe**  
**An Roinn Pleanála**  
**Comhairle Contae Chorcaí**  
**Halla an Chontae**  
**Bóthar Charraig Ruacháin**  
**Corcaigh**  
**T12 R2NC**

[planninginfo@corkcoco.ie](mailto:planninginfo@corkcoco.ie)

**021-4285957 nó 021-4285960**

Chun cruinniú réamhpleanála a shocrú laistigh de Rannán an Iarthair de Chomhairle Contae Chorcaí, cuir d'iarratas (lena n-áirítear na sonraí go léir atá leagtha amach thuas) isteach chuig:

**An Rannóg Fiosrúcháin Réamhpleanála**  
**An Roinn Pleanála**  
**Comhairle Contae Chorcaí**  
**Teach Norton**  
**Bóthar Chorcaí**  
**An Sciobairín**  
**Co. Chorcaí**  
**P81 AT28**

[westcorkplanninginfo@corkcoco.ie](mailto:westcorkplanninginfo@corkcoco.ie)

**028 -40340**



Féadfar cruinnithe ar ábhair seachas Réamhphleanáil a shocrú de réir rogha an phleanálaí. Ní mór na cruinnithe seo a eagrú freisin trí choinne a dhéanamh trí litir, teileafón nó ríomhphost.

Féadfaidh an pleanálaí glacadh le Glaonna Teileafóin Réamhphleanála má tá siad san oifig. Mura bhfuil siad ar fáil, glactar le teachtaireacht agus cuirfidh an pleanálaí an glao ar ais nuair is féidir leo. Ar ábhair réamhphleanála ar féidir déileáil leo ar an bhfón agus nach dteastaíonn cruinniú ina leith de ghnáth, d'aireofaí roghnú láithreáin laistigh de ghabháltas teaghlaigh agus láithreáin le díol. Ba cheart ceisteanna maidir le beartas criosaithe agus lonnaíochta a chur chuig an bhfoireann sna hoifigí poiblí i dtosach báire, áit a bhféadfaí a mholadh don iarratasóir teagmháil a dhéanamh leis an bpleanálaí ceantair.